9 Censorship of Publications Appeal Board	To consider appeals against Prohibition Orders issued by the Censorship of Publications Board.	Censorship of Publications Act 1946	Civil Governance Unit
10 Classification of Films Appeal Board	Appeals in relation to classification decisions made by IFCO.	Censorship of Films Act 1923 as amended	Civil Governance Unit
11 Private Security Appeal Board	Consideration of appeals by members of the security industry against licensing decisions made by the PSA.	Private Security Services Act 2004	Crime Division
12 Property Services Appeal Board	To hear and determine appeals against certain decisions made by the Authority.	Property Services (Regulation) Act 2011	Civil Governance Unit
13 International Protection Appeals Tribunal (from 31/12/2016)	Consider appeals against first instance international protection decisions by the International Protection Office.	International Protection Act 2015	International Protection Policy/INIS
NON-STATUTORY AGENCIES: These are bodies established on an administrative basis by the Minister.			
14 Criminal Injuries Compensation Tribunal	Considers compensation applications from or on behalf of people who have suffered injury or death as a result of violent crime.	Established 1974	Corporate Services Division

15	Forensic Science Ireland	Assist the investigation of crime providing scientific analysis and expert advice.	Established 1975	Policing Division
16	Irish Prison Service	Provision of safe, secure custody for people committed to prison by the courts and the management of custodial sentences.	Prisons Acts 1826-2007	Prisons & Probation Policy
17	Office of the State Pathologist	To provide independent advice on matters relating to forensic pathology and to perform post-mortem examinations in cases where foul play is suspected.		Prisons & Probation Policy
18	Parole Board	Recommendations on the sentence management of prisoners.	Established administratively 04/2001	Prisons & Probation Policy
19	Probation Service	Provision of probation supervision, community service, community return, offending behaviour programmes and specialist support services.	Probation of Offenders Act 1907	Prisons & Probation Policy

EXECUTIVE OFFICES (NON STATUTORY DEPARTMENTAL BODIES): These are bodies established on an administrative basis within the Department

20	Anti Human Trafficking Unit	Co-ordinates the Irish response to trafficking in human beings.	Established February 2008	N/A
21	Cosc	Prevention of domestic, sexual and gender-based violence.	Established 2007	N/A
22	Central Authority for International Child Abduction	Part of a network of National Central Authorities in jurisdictions that are parties to the 1980 Hague Convention on the Civil Aspects of International Child Abduction, the 1996 Hague Convention on Jurisdiction, Applicable Law, Recognition, Enforcement and Co-operation in Respect of Parental Responsibility and Measures for the Protection of Children and EC Regulation 2201/2003. It assists with applications relating to international child abduction, access and the placement of children in care across jurisdictions.	Established 1991	Civil Law Reform
23	Central Authority for Maintenance Recovery from Abroad	Helps to register and enforce child maintenance orders internationally under the UN Convention on the Recovery Abroad of Maintenance (signed in New York on 20 June 1956) and Council Regulation EC No.4/2009 (of 18 December 2008) on jurisdiction, applicable law, recognition and enforcement of decisions and cooperation in matters relating to maintenance obligations.	Established 1995	Civil Law Reform
24	European Account Preservation Order (EAPO) Information Authority	Part of a network of national information authorities established under Regulation (EU) No 655/2014 establishing a European Account Preservation Order procedure to facilitate cross-border debt recovery in civil and commercial matters. The Information Authority is designated under Art 50(1)(b) of the Regulation as competent to obtain a debtor's bank account information.	Established January 2017	Civil Law Reform
25	European Account Preservation Order (EAPO) Competent Authority	Part of a network of national competent authorities established under Regulation (EU) No 655/2014 establishing a European Account Preservation Order procedure to facilitate cross-border debt recovery in civil and commercial matters. The Competent Authority is designated under Art 50(1)(e) as competent to receive, transmit and serve the European Account Preservation Order and other documents.	Established January 2017	Civil Law Reform
26	Irish Youth Justice Service / Youth Crime Policy & Programmes Division	The IYJS has responsibility for leading and driving reform in the area of youth justice. It also funds the Garda Youth Diversion Programme and other IYJS community programmes.	Established December 2005	N/A
27	Office for Internet Safety	To promote internet safety, particularly in relation to combating child pornography.	Established March 2008	N/A

28	Victims of Crime Office	To support the provision of competent, caring and efficient services to victims of crime.	Established September 2008	N/A
29	Anti-Money Laundering Compliance Unit	To authorise Trust or Company Service Providers (TCSPs), register Private Member Clubs and monitor money laundering compliance of High Value Goods Dealers, TCSPs and Private Member Clubs.	Criminal Justice (Money Laundering & Terrorist Financing) Act 2010	N/A
STATUTORY BODIES: These are bodies established by law.				
30	An Garda Síochána	Policing and national security in the State	Garda Síochána Acts 1924-2005	Policing Division
31	Courts Service	Manage the Courts, support the judiciary and provide high quality and professional services to all users of the courts.	Courts Service Act 1998	Courts Policy
32	Criminal Assets Bureau	To target the assets, wherever situated, of persons which derive or are suspected to derive, directly or indirectly, from criminal conduct	Criminal Assets Bureau Act 1996	Drugs and Organised Crime Division.
33	Garda Síochána Inspectorate	To carry out inspections or inquiries in relation to any particular aspects of the operation and administration of An Garda Síochána	Garda Síochána Act 2005	Policing Division
34	Insolvency Service of Ireland	Operation of personal insolvency debt solutions. Authorisation and supervision of Personal Insolvency Practitioners and Approved Intermediaries	Personal Insolvency Act 2012	Civil Governance Unit
35	Irish Human Rights and Equality Commission	To protect and promote human rights and equality in Ireland	Irish Human Rights and Equality Commission Act 2014	Equality Division
36	Irish Legal Terms Advisory Committee	To provide expert advice in relation to the preparation and publication of forms and precedents of legal instruments and documents in the Irish language	Irish Legal Terms Act 1945	Corporate Services Division
37	Legal Aid Board	Provision of civil legal aid and advice	Civil Legal Aid Act 1995	Corporate Services Division
38	Mental Health (Criminal Law) Review Board	Review of detention of patients in the Central Mental Hospital	Criminal Law (Insanity) Act 2006	Prisons and Probation Policy
39	National Disability Authority	Provision of advice on disability policy and practice	National Disability Authority Act 1999	Equality Division
40	Office of the Inspector of Prisons	Inspection of prisons, advisory	Prisons Act 2007	Prison and Probation Policy
41	Policing Authority	Overseeing the performance of An Garda Síochána in relation to policing services in Ireland	Garda Síochána (Policing Authority and Misc.Prov.) Act 2015	Policing Division
Other statutory office				
42	Coroners	To look into the circumstances of a sudden, unnatural, unexplained, violent or unnatural death	Coroners Act 1962	Prison and Probation Policy





**An Roinn Dlí agus Cirt
agus Comhionannais**
Department of Justice
and Equality

Tuarascáil Bhliantúil

2017

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

Brollach leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais	5
Réamhrá leis an Ard-Rúnaí	6
1 - COMHTHEÁCS STRAITÉISEACH AGUS FORLÉARGAS	7
2 - ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLAIN 2017	9
3 - DUL CHUN CINN AR AN RÁITEAS STRAITÉISE 2016-2019	17
3.1 – Éire atá Slán Sábhálte.....	17
3.2 – Rochtaín ar Cheartas.....	22
3.3 – Sochaí atá Cothrom agus Uilechuimsitheach.....	24
3.4 - Córas Inimirce agus Cosanta atá Cóir agus Cothromaithe	26
3.6 – Ár mbaill foirne, ár gcultúr, ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt	32
4 - FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH.....	34
4.1 - Leibhéal soláthar foirne.....	34
4.2 - An soláthar foirne ag an 31 Nollaig 2017	34
4.3 - Táblaí Airgeadais.....	35
4.4 – Rialachas na Roinne ag an 31 Nollaig 2017	35
AGUISÍN 1: CAIRT EAGRÚCHÁIN AMHAIL AN 31/12/2017	39
AGUISÍN 2: COMHLACHTAÍ FAOI CHOIMIRCE NA ROIINNE	40

Brollach leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais



Charles Flanagan TD
An tAire Dlí agus Cirt agus
Comhionannais.



An tAire Stáit le Freagracht
Speisialta as Comhionannas,
Inimirce agus Imeascadh
David Stanton TD



An tAire Stáit le Freagracht
Speisialta as Saincheisteanna
Míchumais
Finian McGrath TD



An tAire Stáit le Freagracht
Speisialta as Trádáil, Fostaíocht,
Gnó, Margadh Aonair Digiteach
AE agus Cosaint Sonrai
Pat Breen TD

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2017 don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thíolacadh. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach an dul chun cinn a rinne mo Roinnse ar na cuspóirí a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2016-2019 a chomhlíonadh. Téann obair na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais i bhfeidhm ar shaol ár saoránach ar a lán bealaí agus is onóir dom an fhreagracht a bheith orm mar Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais as sochaí níos sábháilte agus níos cothroime a dhéanamh d'Éirinn chun leas gach duine.

Táim ag síul le leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le mo chomh-airí sa Roinn agus le mo chuid oifigeach ar fud na hEarnála ar fad ar mhaithe le comhlíonadh a dhéanamh ar na gealltanais uaillmhianacha a tugadh sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta.

Léirítear sa dul chun cinn a leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo tiomantas agus dúthracht leantach fhoireann na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí agus comhlachtaí. Thar mo cheann féin agus thar ceann m'Airi Stáit, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine lena mbaineann.

Charles Flanagan TD
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Réamhrá leis an Ard-Rúnaí



An tArd-Rúnaí
Aidan O'Driscoll

Leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil 2017 na príomhréimsí gníomhaíochta agus an dul chun cinn a rinneadh ar fud na n-earnálacha a bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais freagrach astu. Tugtar achoimre inti ar na príomh-aschuir a soláthraíodh sa bhliain 2017 de réir ráithe, mar aon le buaicphointí na gclár sin faoi gach ceann de na cuspóirí ardleibhéil agus na straitéisí i Ráiteas Straitéise na Roinne 2016-2019. Chuaigh mé isteach sa Roinn le déanaí agus is díol suntais dom é sainchúram leathan na Roinne, rud atá ag méadú go suntasach le deich mbliana anuas. Ceann de na tosaíochtaí ar mhaith liom aghaidh a thabhairt orthu lom

láithreach is ea maoirseacht a dhéanamh ar athstruchtúrú na Roinne ar mhaithe lena struchtúr casta eagrúcháin a chuíchóiriú. Cabhróidh an obair thábhachtach sin lena chinntíú go leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag oibriú go héifeachtach agus go barrmhaith as seo amach. Aistríodh roinnt gníomhaireachtaí chuig Ranna eile sa bhliain 2017. Aistríodh an tÚdarás Rialála Carthanais chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i lár na bliana 2017 agus aistríodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an Oifig Luachála chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag deireadh na bliana. Molaim baill foirne na gcomhlachtaí sin as a ndúthracht agus a dtiomantas dionghbáilte agus guím gach rath orthu sa todhchaí.

Molaim freisin gairmiúlacht agus tiomantas gach baill foirne san Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais as a chinntíú go gcomhlíonaimid ár gcuspóirí straitéiseacha chun ár misean agus ár bhfís um Éire atá níos sábháilte agus níos córa a bhaint amach. Chuige sin, leanfaimid ar aghaidh ag féachaint le leibhéal níos airde feidhmíochta a bhaint amach sa bhliain romhainn.

Aidan O'Driscoll
An tArd-Rúnaí

1 – COMHTHÉACS STRAITÉISEACH AGUS FORLÉARGAS

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2017 ar ghníomhartha a leagtar amach inár Ráiteas Straitéise 2016-2019. Forbraíodh an Straitéis sin i gcomhthéacs Fhís, Ráiteas Misin agus Luachanna na Roinne agus leagtar amach inti na gníomhartha straitéiseacha a chuirfear chun feidhme thar thréimhse feidhme na straitéise, agus iad grúpáilte ina sé cinn de chláir ardleibhéal:



2017 | bhFIGIÚIRÍ

B'ionann an t-ollchaiteachas iomlán do ghrúpa an Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2017 agus €422.79 milliún. Baineann €419.96 milliún den tsuim sin le caiteachas reatha agus baineann an t-iarmhéid €2.83 milliún le caiteachas caipitiúil. Tá Grúpa an Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhdhéanta d'ocht Vóta*, is iad sin: an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Garda Síochána, an tÚdarás Póilíneachta, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Chúirteanna, an tÚdarás Clárúcháin Maoine, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus an Oifig Luachála. Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasáiochta do Vóta na Roinne agus do Vóta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann – féach 4.3 Táblaí Airgeadais.



Forléargas ar an Roinn i bhfoirm figiúirí

TEAGMHÁIL LEIS AN OIREACHTAS

Ceisteanna Parlaiminte a Fuarthas	4,523
Uiríll a Fuarthas	28,648
Saincheisteanna Tráthúla a Ullmhaíodh	176
Saincheisteanna Tráthúla a Roghnaíodh	28
Ábhair Thosaithe sa Seanad a Ullmhaíodh	42
Ábhair Thosaithe sa Seanad a Roghnaíodh	24

* Aistríodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus an Oifig Luachála chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an 31 Nollaig 2017.

2 - ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN 2017

Eanáir-Márta:

Cuireadh an Fhreagairt Chomhgníomhaireachta i leith na Coireachta i bhfeidhm i dtrí láthair bhreise (Dún Dealgan, Port Láirge agus Luimneach)

Is é is an clár J-ARC (Freagairt Chomhgníomhaireachta i leith na Coireachta) ann ná cur chuige ilghníomhaireachta maidir le bainistiú na coireachta, áit a ndéantar tionscnaimh shonracha a phorbairt chun síriú a leagan ar chiontóirí ilghníomhacha áirithe d'fhoinn aghaidh a thabhairt ar a n-iompraíocht agus coireacht a laghdú, agus sábhalteach an phobail á méadú ag an am céanna. Bunaithe ar an dea-eispéireas a bhí ag na tionscnaimh i mBaile Átha Cliath sna blianta 2015 agus 2016, cuireadh an clár i bhfeidhm i dtrí láthair bhreise, mar atá Dún Dealgan, Cathair Luimnigh agus Cathair Phort Láirge, i mí Eanáir 2017.

Urghabháil Drugaí ag Calafort Bhaile Átha Cliath

A 20 Eanáir, reáchtáil an Garda Síochána agus Seirbhís Custam na gCoimisinéirí loncaim comhoibríochta as ar urghabhadh méid an-suntasach drugaí aindleathacha ag Calafort Bhaile Átha Cliath. Tuairiscíodh gur lastas cannabais é a raibh glanfhiúchas de thart ar €37.5 milliún aige.

Cistíú €13 mhilliún do Thionscadail um Chomhionannas

Inscne agus Imeascadh na nimirceach

An 24 Eanáir, fógraíodh deontais arbh ionann a luach agus €13 mhilliún chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus chun imeascadh na n-imirceach a éascú. Deonaíodh na deontais do 43 thionscadal atá le soláthar thar thréimhse ceithre bliana i láithreacha éagsúla ar fud na hÉireann ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, ag grúpaí pobail atá lonnaithe sa cheantar áitiúil agus ag grúpaí eile a n-éireodh leo i nGairm Tográi oscailte. Deonaíodh €4.5 milliún do 20 tionscadal thar thréimhse trí bliana faoi Chiste an Aontais Eorpaigh um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht. Tá an cistíú sin dírithe ar thionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo imircigh ó áiteanna lasmuigh den Aontas Eorpach a imeascadh agus idirdhealú agus ciníochas a chomhrac.

Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2015 an Choiste a

Ceapadh chun Faireachán a dhéanamh ar Éifeachtacht Chlár Athstíúrtha an Gharda Síochána

An 25 Eanáir 2017, foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2015 an choiste a ceapadh chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstíúrtha reachtúil. Sa Tuarascáil, tugtar forbhreathnú ar an ógchoireacht sa bliaín 2015 agus ar an líon leanaí a tarchuireadh lena ligeann isteach sa Chlár Athstíúrtha a bhreithniú.

Straitéis nua maidir le hlmeascadh na nimirceach agus an Ciste Imeascatha Pobal

An 7 Feabhra, seoladh an [Straitéis maidir le hlmeascadh na nimirceach](#), rud lena bhforáltear don chreat le haghaidh ghníomhaíochtaí an Rialtais ar imeascadh imirceach ón mbliaín 2017 go dtí an bliaín 2020. Tá sí dírithe ar imircigh, ar dhídeanaithe agus ar dhaoine de bhunadh imirceach. Bunaíodh an Ciste Imeascatha Pobal chun cistíú a chur ar fáil d'eagraíochtaí pobalbhunaithe le haghaidh imeascadh a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil. Cuireadh €500,000 ar fáil sa bliaín 2017 do 129 n-eagraíocht. De bhries air sin, fógraíodh i mí na Bealtaine go mbeadh cistíú ab fhiú €1.8 milliún á sholáthar do 14 thionscadal ar fud na hÉireann faoin gcreat sin.

Bunú an Bhinse Fiosrúcháin maidir le Nochtadh Áirithe a Rinne comhaltaí den Gharda Síochána faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tar éis rúin a rith i nDáil Éireann agus i Seanad Éireann an 16 Feabhra, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Binse Fiosrúcháin an 17 Feabhra faoin Acht um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921, chun imscrúdú a dhéanamh ar nithe áirithe a eascraíonn as dhá nochtadh chosanta a rinne comhaltaí den Gharda Síochána don Aire faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ceapadh an Breitheamh Onórách Peter Charleton, breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, mar Chathaoirleach. Cuireadh dhá thuarascáil eatramhacha ar na nithe a bhí á bhfiosrú chuig Cléireach na Dála an 19 Bealtaine agus an 30 Samhain, mar a éilíodh leis na rúin ar chomhaontaigh Tithe an Oireachtais iad.



An tAire Stáit David Stanton TD i láthair ag seoladh na Straitéise maidir le hlmeascadh na nimirceach i mí Feabhra 2017

An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017

Síníodh an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, an 22 Feabhra agus tosaíodh forálacha áirithe i mí an Mhárta. Áiríodh leis an tosach feidhme tosaigh sin gach cion nua a bhaineann le dúshaothrú gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach leanaí. Folaíonn siad sin na cionta nua um ghrúmaireacht ghnéasach leanaí ar líne, lena n-áirítear úsáid a bhaint as teicneolaíocht fainseáise agus cumarsáide chun gníomhaíocht den sórt sin a éascú.

Tugadh cionta nua isteach freisin i dtaca le dúshaothrú gnéasach daoine faoi mhíchumas, áit a bhfágann cineál an mhíchumais sin nach bhfuil an duine in ann toiliú le gníomh gnéasach. Tháinig siad sin in ionad forálacha faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993, a bhaineann le daoine a bhfuil lagú meabhrach orthu a chosaint. Ar na nithe eile a tosaíodh bhí na cionta nua lena ndírítear ar an éileamh ar sheirbhísí gnéasacha trí striapachas. Toradh eile atá ar na forálacha nua sin is ea go ndíchoiriúlfar ó chionta atá ann cheana na daoine sin a chuireann seirbhísí gnéasacha ar fáil trí striapachas. Athraíodh dlíthe reatha ar mhígheanas poiblí chun dáta leis na cionta nua um noctadh agus iompar ciontach de chineál gnéasach. Leis na cionta sin, tugtar soiléire agus neartaítear an dlí sa réimse sin.

Tugtar isteach leis an Acht freisin sainmhíniú reachtúil

ar ‘thoiliú’ le gníomh gnéasach. Mar thoradh ar thabhairt isteach an tsainmhínithe reachtúil sin ar thoiliú le gníomh gnéasach, tá Éire ar aon dul le dlínsí eile dlí choitinn. Ina theannta sin, áfach, is ráiteas soiléir é faoi na cúinsí nach dtabharfaí toiliú iontu.

Ceapadh an Bhléithimh (Scortha) Pat McCartan chun fianaise Choiste an Stardust a mheasúnú

An 7 Mártá, ceapadh an Breitheamh scortha Pat McCartan chun measúnú a dhéanamh ar aon fhianaise nua nuashonraithe a d'aimsigh Coiste Gaolta agus Íospartach an Stardust chun a mholadh cé acu ba cheart nó nár cheart Coimisiún Imscrúdúcháin a bhunú ar Thragóid an Stardust, a tharla sa bhliain 1981.

Atosaíodh feachtas náisiúnta feasachta ar phoréigean baile sa bhliain 2017

An 13 Mártá, atosaíodh an feachtas ardtonchair ilmheán don fheachtas náisiúnta feasachta “What Would You Do?” ar phoréigean baile. Tá an feachtas ina ghníomh tábhachtach de chuid an Dara Straitéis Náisiúnta um Phoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021. Is é aidhm an fheachtas feasacht a mhéadú ar phoréigean baile agus gnéasach chun athrú a bhaint amach in iompraiochtaí agus dearthaí fadbhunaithe na sochaí agus seallaigh a ghníomhachtú chun an cineál sin foréigin a laghdú agus a chosc.



Aibreán-Meitheamh

Dúnadh Foras Naomh Pádraig

Dúnadh Foras Naomh Pádraig le héifeacht ón 7 Aibreán. Leis sin, cuireadh deireadh leis an gcleachtas um leanáí a chur chuig Foras Naomh Pádraig. Ba ghealltanás fadtéarmach de chuid an Rialtais é sin. Bhí Foras Naomh Pádraig mar ábhar mór cáinte ag comhlachtaí agus daoine éagsúla a bhfuil baint acu le cearta an duine agus le cearta leanáí.

Scéim Nua Cúnamh Deontais le haghaidh Scéimeanna Pobalbhunaithe TCI a Bhunú

I mí Aibreáin, fógraíodh scéim nua cúnamh deontais a bhfuil mar aidhm léi cabhrú le grúpaí pobail córais phobalbhunaithe TCI a bhunú. Is é atá i roinnt príomhchuspóirí de chuid na Scéime ná feabhas a chur ar an soláthar reatha pólínéachta laistigh den phobal, cabhrú le coireacht áitiúil, mí-ord agus gníomhaíocht fhrithshóisialta a chosc agus a laghdú, agus cur le rannpháirtíocht an phobail i bhfreagairtí dlísteanaacha comhtháite a sholáthar chun coireacht a chosc agus a laghdú i gceantair áitiúla i gcomhar le gníomhaireachtaí cui. Tá sé beartaithe go mbeidh an scéim ar siúl ar feadh 3 bliana agus go gcuirfear cistíú ab fhiú €1 mhilliún ar fáil gach bliain.

3,000 Saoránach Éireannach nua

An 21 Aibreán, d'éisigh breis agus 3,000 iarrthóir ó níos mó ná 120 thír ina saoránaigh Éireannacha le linn trí shearmanas eadóirseachta a cuireadh ar siúl san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath.

An dara Tuarascáil ón Údarás Maoirseachta

Neamhspleách don Bheartas Cealaithe maidir le Cáras Próiseála Muirear Seasta an Gharda Síochána

An 26 Aibreán, d'fhoilsigh Frances Fitzgerald TD, an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an dara tuarascáil bhliantúil ón Údarás Maoirseachta Neamhspleách don Bheartas Cealaithe maidir le Cáras Próiseála Muirear Seasta an Gharda Síochána. Ceapadh an Breitheamh Matthew Deery mar Údarás Maoirseachta Neamhspleách aonair i mí Eanáir 2015. Luaitear sa tuarascáil gur "neartaíodh an córas (próiseála muirear seasta) go mór" de bharr chur chun feidhme an chuid is mó de na moltaí.

Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-

2020: Sochaí Níos Fearn a Chruthú do Chách

An 3 Bealtaine, foilsíodh [Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020: Sochaí Níos Fearn a Chruthú do Chách](#). Is é príomhthéama na straitéis ná comhionannas do mhná agus do chailíní a chur chun cinn ar fud gach réimse den saol: san áit oibre, san oideachas, sa teaghlach, ar bhoird phoiblí, ar bhoird chorparáideacha, sa spórt agus sna healaíona. Cinntítear leis an straitéis go gcuirfear gné inscne san áireamh nuair a bheidh cinntí á ndéanamh ar raon leathan beartas ar fud an Rialtais.

Ainmníodh Kathleen O'Toole Uas. chun Cathaoirleacht a dhéanamh ar an gCoimisiún um Thodhchaí na Pólínéachta in Éirinn

An 9 Bealtaine, d'aontaigh an Rialtas le Kathleen O'Toole Uas. a ainmniú chun an phoist mar

Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. Bhí Kathleen O'Toole Uas. ar an gCeannasaí ar Roinn Póilíní Seattle idir an bhliain 2014 agus an bhliain 2017. Bhí an post mar Phríomhchigire ar Chigireacht an Gharda Síochána aici idir an bhliain 2006 agus an bhliain 2012. Is é aidhm an Choimisiúin scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar gach gné den phóilíneacht, lena n-áirítear na feidhmeanna go léir a chomhlíonnann an Garda Síochána faoi láthair.

Reachtaíocht Nua chun Déileáil leis an gCibearchoireacht

I mí na Bealtaine, achtaíodh an chéad phíosa reachtaíochta Éireannaí riamh atá thíos go sonrach ar dhéileáil leis an gcibearchoireacht. Is é aidhm an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta a bhaineann le Córás Faisnéise) ná córais faisnéise agus na sonraí a chuimsítear iontu a chosaint. Fadhb idirnáisiúnta dhomhanda is ea an chibearchoireacht. Trasnaíonn sí teorainneacha náisiúnta. Tá ról suntasach le himirt ag comhar idirnáisiúnta agus ag comhchuibhíú dlíthe náisiúnta i ggné thrasnáisiúnta na cibearchoireachta a chomhrac. Leis an reachtaíocht, trasuitear Treoir ón Aontas Eorpach lena gcomhchuibhítear dlí na mBallstát i gcibearchoireacht lena mbaineann ionsaithe ar chórais faisnéise agus ar a sonraí tábhachtacha a chomhrac.

An Clár um Obair chun Foghlaim

An 29 Bealtaine, seoladh an Clár um Obair chun Foghlaim ar an gCóbh, Contae Chorcaí. Is é is an Clár um

Obair chun Foghlaim ann ná tionscnamh taithí oibre do dhaoine óga atá bunaithe ar Thionscadail Athstiúrtha don Óige de chuid an Gharda Síochána. Tugann an clár an deis dóibh scileanna tábhachtacha a ghnóthú agus forbairt mar dhaoine aonair. Tugann an clár seans do na ranpháirtithe i dTionscadail Athstiúrtha don Óige de chuid an Gharda Síochána léargas a ghnóthú ar shaol na hoibre agus ar na scileanna a theastaíonn chun oibriú go héifeachtach istigh ann. Déanann sé amhlaidh trí phróiseas atá struchtúrtha agus a dtugtar tacaíocht dó agus lena mbaineann ullmhú, socrúchán agus athmhachnamh.

Tugadh tríú rogha íocaíochta isteach le haghaidh Fógraí Muirear Seasta

Tugadh an tríú rogha íocaíochta isteach an 1 Meitheamh. Leis an tríú rogha íocaíochta, tugtar deis do dhuine a seirbheáltear toghairm air nó uirthi i leith cion murir sheasta an táille a ioc laistigh de 7 lá roimh an dáta Cúirte a bhfuil an liomhain le héisteacht air.

An Straitéis Náisiúnta nua um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021

Seoladh an Straitéis Náisiúnta nua um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021 an 13 Meitheamh. Le linn an Straitéis a fhorbairt, reáchtáladh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin phoiblí a raibh dhá bhabhta de chruinnithe poiblí agus teagmháil le heagraíochtaí don Lucht Siúil ar leibhéal náisiúnta i gceist leis.



Na dathanna náisiúnta ar paráid ag an Searmanas Saoránachta i gColáiste na hOllscoile, Luimneach, an 27 Meitheamh 2017, ar lena linn a eadóirsíodh 355 iarrthóir ó 11 tír.

Iúil-Meán Fómhair:

Comhdháil Bhliantúil Ghníomhaireachtaí Ceartais Choiriúil na hÉireann

Cuireadh an ceathrú Comhdháil Bhliantúil de Ghníomhaireachtaí Ceartais Choiriúil na hÉireann ar siúl an 4 Iúil. Ba é “An Beartas um Cheartas i leith an Aosa Óig in Éirinn – Cad é an Chéad Chéim Eile?” téama na comhdhála. Ba é a bhí sa chomhdháil, a cuireadh ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, ná comhshaothar lenar bhain Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig mar phríomhgníomhaireacht, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Garda Síochána, Seirbhís Phríosún na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh agus an Cumann um Thaighde agus Fhorbairt Ceartais Choiriúil. Díródh sa chomhdháil ar Acht na Leanaí, 2001, agus ar an ngealltanás a tugadh i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018 go n-athbhreithneofaí an reacthaíocht lenar bunaíodh ancreat dlíthiúil le haghaidh déileáil le daoine óga a dhéanann cionta.

Teach Cúirte nua i nDroichead Átha, Co. Lú

An 10 Iúil, d'oscail an tUas. Charles Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, teach cúirte úrscothach nua go foirmiúil i nDroichead Átha, Co. Lú, le linn searmanas a raibh an Breitheamh Onórách Susan Denham, an Príomh-Breitheamh, i gceannas air.

An Straitéis Náisiúnta nua um Chuimsíú Daoine faoi Mhíchumas 2017-2021

Rinne Finian McGrath TD, an tAire Stáit le Freagracht Speisialta as Saincheisteanna Míchumais, an Straitéis Náisiúnta nua um Chuimsíú Daoine faoi Mhíchumas 2017-2021 a sheoladh an 14 Iúil. Is Straitéis uile-Rialtais í atá dírithe ar fheabhas suntasach a chur ar shaol na ndaoine faoi mhíchumas agus ar na deiseanna is fearr is féidir a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas chun go mbeidh siad in ann lán a gcumais a bhaint amach. Le linn an Straitéis a fhorbairt, reáchtáladh príoseas cuimsitheach comhairliúcháin

phoiblí a raibh dhá bhabhta de chruinnithe poiblí réigiúnacha agus teagmháil leis an Earnáil Míchumais i gceist leis.

Neartú an Dlí maidir le Bannaí

D'éirigh an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2017, ina dhlí i mí an Mheithimh 2017. Leis an Acht, neartaítear cumhactaí na gCúirteanna agus an Gharda Síochána maidir le déileáil le ciontóirí tromchúiseacha seasmhacha agus le daoine ar bannaí atá ina mbagairt leanúnach ar an bpobal. Leagtar tuilleadh béime san Acht ar chearta agus sábháilteacht na n-iúspartach agus an phobail a chur san áireamh i gcinntí ar bhannaí, agus cearta an chúisí á gcosaint ag an am céanna. Leis an Acht, tugtar tuilleadh treorach do na cúirteanna agus tuilleadh tréadhearcachta sa phróiseas bannaí.

An tAcht fán gCoimisiún Neamhspleáach um

Thuairisciú, 2017

D'éirigh an tAcht fán gCoimisiún Neamhspleáach um Thuairisciú, 2017, ina dhlí an 27 Iúil. Leis an Acht, bunaítear an Coimisiún Neamhspleáach um Thuairisciú sa dlínse seo, agus éifeacht fhoirmiúil á tabhairt do ghné thábhachtach den Chomhaontú dar teideal Tús Nua ina leagtar amach roinnt gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo deireadh a chur le gníomhaíocht pharaimileatach atá bainteach le Tuaisceart Éireann.

Foilsíodh an leagan Gaeilge de Rialacha na nUaschúirteanna

Foilsíodh an leagan oifigiúil Gaeilge de Rialacha na nUaschúirteanna, 1986, i mí Iúil 2017. Mar thoradh ar fhoiliú an leagan Ghaeilge de na Rialacha sin, tá an leagan oifigiúil Gaeilge de leaganacha comhdhlúite 1986, 1997 agus 2001 de Rialacha na nUaschúirteanna, de na Rialacha Cúirte Dúiche agus de na Rialacha Cúirte Cuarda faoi seach foilsithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.



Comhairliúchán Poiblí ar an mbearna pá idir na hinscní a dhúnadh

An 9 Lúnasa, d'fhógair an tUas. Charles Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus an tUas. David Stanton TD, an tAire Stáit le Freagracht Speisialta as Comhionannas, Inimirce agus Imeascadh, go seofaí comhairliúchán poiblí ar an mbearna pá idir na hinscní a dhúnadh. Teastaíonn tuiscint níos soiléire ar na tosca atá taobh thiar den bhearna pá chun go mbeifear in ann gníomhaíocht an Rialtais a oriúinú i gceart do dhul i ngleic leis an bhfadhb sin go héifeachtach.

Cruinníú ar an mBreatimeacht agus ar an tSlándáil

An 22 Lúnasa, bhuail Charlie Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le James Brokenshire TD, an Rúnaí Stáit do Thuaisceart Éireann. Thug an Rúnaí Stáit faisnéis don Aire faoi pháipéir sheasaimh na Ríochta Aontaithe maidir le custaim agus le Tuaisceart Éireann i gcomhthéacs na caibidlíochta ar an mBreatimeacht. D'fháiltigh an tAire Flanagan roimh an mbéim a leagtar sna páipéir ar na réimsí tosaíochta atá an Rialtas ag saothrú freisin, lena n-áirítear an Comhlimistéar Taistil, Comhaontú Aoine an Chéasta, Comhar Thuaidh/Theas agus seachaint na teorann crua.

Tugadh faoi deara an dlúthchomhar leantach atá ar bun ag an nGarda Síochána agus ag Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ar son gníomhaíochtaí na ngrúpaí sin a chomhrac. Leag an tAire béis ar an bhffíric go bhfuil an Rialtas ag tabhairt túis áite fós do dhul i ngleic leis na grúpaí sin.

Cuireadh cistiú ar fáil don Scéim Lacáiste Foláireamh Téacs

Ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta an 20 Meán Fómhair, d'fhógair Charlie Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, go mbeadh a Roinn ag tabhairt tacáíocht bhereise airgeadais do Ghrúpaí Foláireamh Téacs Pobail sa bhliain 2017, agus é ar an mbeart is déanaí atá á dhéanamh ag an Roinn chun tacú le coireacht a chosc i bpobail tuaithe. Leis an Scéim Lacáiste, a bhí ar siúl sa bhliain 2016 freisin, cumasaítear do Ghrúpaí Foláireamh Téacs atá cláraithe leis an nGarda Síochána iarratas a dhéanamh ar chistiú chun cuid dá gcostais reáchtala bhliantúla a chlúdach. Chuir an tAire thart ar €100,000 ar fáil do phobail áitiúla ar mhaith leo iarratas a dhéanamh ar lacáiste chun íoc as cuid de na costais a bhaineann lena Scéim Foláireamh Téacs áitiúil a reáchtáil. Cuireadh €50,000 sa bhreis ar fáil le haghaidh scéim 2017 go mall i mí na Nollag.

Deireadh Fómhair-Nollaig:

Achtú an Bhille Idirghabhála, 2017

An tAcht Idirghabhála, 2017, rud a bhfuil mar aidhm leis réiteach díospóidí a luathú, na costais dlí a bhaineann leis na díospóidí sin a laghdú agus an strus atá i gceist le himeachtaí cúirte sáraíochta a laghdú nó a sheachaint, síníodh isteach sa dlí é an 2 Deireadh Fómhair.

Clár Nua um Ligean Isteach Daonnúil chun Tacú le

Dídeanaithe agus lena Muintir faoi Chlár Cosanta

Dídeanaithe na hÉireann

An 14 Samhain, fógraíodh scéim nua um ligean isteach daonnúil chun tacú le dídeanaithe agus lena muintir mar chuid de ghealltanais an Rialtais faoi Chlár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann. Léirítéar inti tiomantas leanúnach an Rialtais do thacú leis na dídeanaithe is soghonta trí thearmann sábhalte agus timpeallacht fháilteach a chur ar fáil chun go mbeidh siad in ann a saol a atógáil in Éirinn.

Achtú an Acharta um Dhlikeanas Sibhialta (Leasú), 2017

Achtaíodh an tAcht um Dhlikeanas Sibhialta (Leasú), 2017, an 22 Samhain. Leis an Acht, tugtar do na círteanna an chumhacht chun damáistí a dhámhachtain trí bhíthin orduithe i dtaoibh íocaiochtaí tréimhsíula i gcásanna díobhála tubaistí, rud a thabharfaidh sláine airgeadais a theastaíonn go géar do dhaoine a ndearnadh díobháil thubaisteach dóibh agus a dteastaíonn cúram agus cúnamh ar fud an tsaoil uathu.

Urghabháil Idirnáisiúnta Drugaí

An 15 Samhain, rinne an Garda Síochána ruathar ar dhá áitreabhadh i gCill Dhéaglán mar chuid d'oibríocht idirnáisiúnta agus d'urghabh sé méid mór drugaí ab fhiú thart ar €7 milliún.

Cistiú Tionscadail chun Tacú le Dídeanaithe Baineanna

Imeascadh leis an Margadh Saothair

An tUas. David Stanton TD, an tAire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le Freagracht Speisialta as Comhionannas, Inimirce agus Imeascadh, d'fhogair sé an 24 Samhain go ndeonófaí cistiú tionscadail ab ionann a


luach agus €485,226 do sheacht dtionscadal ar fud na tíre a bhfuil mar aidhm leo tacú le himeascadh dídeanaithe baineanna leis an margadh saothair. Fuarthas an cistiú sin ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus soláthrófar na seacht dtionscadal le linn na bliana 2018.

Tabhairt isteach Ríomhgheataí Rialaithe Teorann in Aerfort Bhaile Átha Cliath

Cuireadh 'ríomhgheataí' uathoibríocha rialaithe teorann i mbun feidhme ag Aerfort Bhaile Átha Cliath an 30 Samhain. Tugadh na ríomhgheataí isteach ar bhonn céimníthe ansin agus tá 20 ceann i mbun oibre anois, 10 gcinn an ceann ag Críochfort 1 agus ag Críochfort 2. Bíonn na ríomhgheataí ar oscailt do dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois a bhfuil ríomhphas Éireannach nó ríomhphas Aontais Eorpáigh acu. Tá sé beartaithe go leathnófar úsáid na ríomhgheataí chuig catagóirí eile paisinéirí de réir mar a théann an clár ar aghaidh. Is é an aidhm atá taobh thiar de ríomhgheataí a thabhairt isteach ná feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí trí fhéinseirbhís, agus an tslándáil teorann á breisiú ag an am céanna.

3,200 Saoránach Éireannach Nua

An 27 Samhain, rinne an tUas. Charles Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, comhghairdeas le thart ar 3,200 saoránach Éireannach nua le linn searmanas saoránachta a cuireadh ar siúl san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath.



Bearta chun Cabhrú le hÍospartaigh na Coireachta

An 28 Nollaig, fógraíodh cistíú bliantúil €1.712 milliún chun tacaíocht a thabhairt sa bhliain 2018 do 56 eagraíochta a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh na coireachta. Tá na seirbhísí sin ina gcuid dhílis de na tacaí a thugtar d'íospartaigh na coireachta agus áirítear leo tacaíocht bhunriachtanach agus faisnéis bhunriachtanach a sholáthar, lena n-áirítear tacaíocht mhothúchánach, tionlacan chuig an gcuirt, tionlacan chuig agallaimh le Gardaí, tionlacan chuig aonaid chóireála ionsaithe ghnéasaigh, comhairleoireacht agus tarchur chuig seirbhísí eile. D'éirigh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) ina dhlí i mí na Samhna 2017. Leis an Acht, tugadh isteach den chéad uair riamh cearta reachtúla éagsúla d'íospartaigh na coireachta.

Foilsíodh tuarascáil McCartan ar thragóid an Stardust

D'ullmhaigh an Breitheamh McCartan tuarascáil ar a mheasúnú ar an bhfianaise a chuir Coiste Gaolta agus

Íospartach an Stardust ina láthair. Foilsíodh an tuarascáil an 7 Samhain 2017. Is é seo conclúid na tuarascála: "Tar éis dom an t-ábhar ar fad a chuir an Coiste isteach a bhreithniú, ní ann d'aon fhianaise nua ná athraithe chun dáta a noctar de bhrí théarmaí an Mheasúnaithe seo agus níl údar ann le haon fhiosrúchán nua". Leagadh an tuarascáil ón mBreitheamh McCartan faoi bhráid Thithe an Oireachtais an 7 Samhain 2017.

Reáchtáladh an 5ú Lá Náisiúnta Bliantúil Daoine ar larraidh

An cúigíú Lá Náisiúnta Daoine ar larraidh, ar ócaid bhliantúil é, cuireadh ar siúl é i dTeach Farmleigh an 6 Nollaig 2017. Is é atá sa Lá Náisiúnta Daoine ar larraidh ná lá bliantúil comórtha. Cuirtear ar siúl é ar an gcéad Chéadaoin i mí na Nollag gach bliain. Leis an Lá, comóirtear na daoine sin atá ar iarraidh agus aithnítear fulaingt mharthanach na ndaoine muinteartha agus na gcairde leo.



Rósanna Cuimhneacháin i scairdeán gairdín Theach Farmleigh

3 - DUL CHUN CINN AR AN RÁITEAS STRAITÉISE 2016-2019

3.1 – Éire atá Slán Sábháilte

Faoin gclár seo, féachann an Roinn le slándáil an Stáit agus a shaoránach a choimirciú, le coireacht agus athchiontú a laghdú agus le feabhas a chur ar shábháilteacht daoine.

Seirbhís phóilíneachta atá éifeachtach, infheicthe agus cuntasach a fhorbairt

Earcaíocht

Ba í 800 Garda an sprioc iontógála don bhliain agus baineadh amach í. Baineadh amach freisin an sprioc go ndearbhófaí 900 earcach. Ina theannta sin, baineadh amach an sprioc go mbeadh 13,500 comhalta ar seirbhís ann faoi dheireadh na bliana. B'ionann é sin agus glanmhéadú de 500 comhalta. I dtaca le Cúltaca an Gharda Síochána, rinne 2,500 duine iarratas ar an bhfeachtas earcaíochta a reáchtáladh sa bhliain 2017. Bheifí ag súil go bhfreastalófaí ar chaoga comhalta cültaca faoi oiliúint i ngach rang. Maidir le sibhialtachú, líonadh 120 ceann de 191 phost cheadaithe agus iarradh cead le haghaidh thart ar 170 post breise. Líonadh dhá phost shinsearacha, mar atá Stiúrthóir Feidhmiúcháin um Straitéis agus Bainistíocht Athruithe agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin um Ghnóthaí Dlí agus Comhlíonadh.

Athbhreithniú ar theorainneacha na rannán pólíní, an scaipeadh Stáisiún Gardaí, agus an scéim phíolótach chun sé stáisiún a athoscailt

Thug an Rialtas aird i mí na Nollag 2017 ar an Tuarascáil Deiridh ó Choimisiún Gardaí, agus an scéim phíolótach chun iarstáisiún lena n-athoscailt. Foilsíodh an tuarascáil sin freisin.

Cinnteoídh an Garda Síochána go líonfar go hiomlán foirne na n-aonad speisialtóra atá páirteach sa chomhrac in aghaidh gach cineál coireachta tromchúisí a luaithe is féidir.

Leithdháileadh 93 bhall foirne bhrefise den Gharda Síochána sa bhliain 2017. Tá comórtais á n-eagrú chun folúntais a líonadh ag céim an Chigire agus ag céim an tSáirsint. Táthar ag súil go gcuirfear tuilleadh ball foirne chuig na haonaid laistigh den bhrainse Oibríochtaí Coireachta Speisialta sa bhliain 2018.

AN GARDA SÍOCHÁNA SA BLHAIN 2017

13,551



CHOMHALTA DEN GHARDA SÍOCHÁNA

800

EARCACH GARDA A CHUIR TÚS LE TRAENÁIL



589 nGARDA CÚLTACA



2,192

BHALL FOIRNE IS SIBHIALTAIGH
DEN GHARDA SÍOCHÁNA

Acmhainní soláthar foirne an Gharda Síochána

Tacaíocht don Údarás Pólíneachta, do Chigireacht an Gharda Síochána agus do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna.

Tá Comhaontuithe Ríalachais i bhfeidhm agus tugadh tacáiocht do Chigireacht an Gharda Síochána agus do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána fud fad na bliana. Ag teacht sna sála ar chomrótas ar reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí é, cuireadh Cigireacht nua den Gharda Síochána i bhfeidhm tar éis dheireadh théarma oifige na n-iarchomhaltaí. Coinníodh cur ar fáil acmhainní faoi athbhreithniú sa bhliain agus leithdháileadh baill foirne bhrefise ar GSOC le haghaidh aonad a bhunú a dhéileálfadh le noctadhb cosanta.

Fóraim Gharda/Lucht Gnó a bhunú i lárcheantair uirbeacha, rud a ligfidh do na Gardaí agus do ghnóthaí oibríú le chéile chun feabhas a chur ar shábháilteacht an phobail, chun geilleagar sábháilte oíche a áirithíú agus chun déileáil le coireacht i gcoinne gnóthaí.

Bunaíodh Scéim Faire Gnó an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath. Oibrítear í ó Oifig an Choimisiúna Chúnta do Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Reáchtáiltear cruinnithe idir an Garda Síochána agus gnóthaí, ar lena linn a dhíritear ar réimsí amhail gadaíocht miondóla agus cosc na coireactha i gcoitinne. Tá scéimeanna den chineál céanna i mbun oibre i gCorcaigh agus i nGaillimh.

An clár comhaontaithe athchóirithe agus infheistíocha sa Gharda Síochána a spreagadh, agus formhaoirseacht a dhéanamh air

An clár comhaontaithe 5 bliana athchóirithe sa Gharda Síochána a chur chun feidhme i gcomhar leis an Údarás Póilíneachta

Leis an bPlean Cúig Bliana Athchóirithe agus Fórsa Saothair Ardleibhéal don Gharda Síochána, comhcheanglaítear cur chun feidhme na moltaí comhaontaithe a rinneadh sa tuarscáil ó Chigireacht an Gharda Síochána dar teideal 'An Phoílineacht in Éirinn a Athrú' agus na gealltanais i gClár an Rialtais atá dirithe ar infheictheacht Gardaí a mhéadú. Tá na moltaí comhaontaithe atá dirithe ar an nGarda Síochána á gcur chun feidhme trí Chlár Nua-aoisithe agus Athnuachana Choimisiúna an Gharda Síochána 2016-2021. Tá an tÚdarás Póilíneachta ag déanamh faireachán ar an gcur chun feidhme ag an nGarda Síochána agus tá sé ag tabhairt tuairisc ráithiúil don Roinn ar an dul chun cinn. Tá an Roinn i mbun teagmhála leis an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn agus leis an gCoimisiúna freisin maidir le dóigheanna a bhféadfaí tacú leis an gCoiste Feidhmiúcháin an clár a chur chun feidhme.

Clár Caipitiúil an Gharda Síochána a chur chun feidhme: chun bonneagar TFC a uasghrádú, tuilleadh infheistíocha a dhéanamh i bhfíl an Gharda Síochána agus Stáisiúin nua athchóirithe Ghardaí a sholáthar ar fud na tíre.

Tá an infheistíocht i bhfíl an Gharda Síochána, i TFC agus sa chlár tógála ar siúl fós. Sa bhliain 2017, ceannáodh 207 bhfeithicil arbh ionann a luach agus €5.645 milliún. Áirítear leis an gClár Tógála agus Athchóirithe cúig bliana do Stáisiúin Ghardaí breis agus €60 milliún de chistiú Státhiste agus mórhionscadal Compháirtíochta Príobháidí Poiblí. Leis an gClár, soláthrófar stáisiúin nua agus déanfar seanstáisiúin a

nua-aoisiú i 30 láthair. De bhréis air sin, infheistíodh thart ar €100 milliún i dtrí Cheanncheathrú nua Réigiúnacha Rannán a thógáil i Loch Garman (atá curtha i gcrích), i Sráid Chaoimhín, Baile Átha Cliath (atá le cur i gcrích sa bhliain 2018), agus i nGaillimh (atá le cur i gcrích sa bhliain 2018). Is é atá i gceist leis an glár TFC ná go bhforbrófar Córais Bhainistíochta Mór-Imscrúduithe. Bainfear úsáid as na Córais chun bainistíocht gach imscrúdaithe ag an nGarda Síochána a chuimsiú, a chaighdeánú agus a dhigitíú agus chun tacú leis an mbainistíocht sin.

Creataí beartais, oibriúcháin agus dlí a sholáthar chun coireacht a laghdú agus a chosc, chun dul i ngleic le hathchiontú agus chun pobail níos sláine a chur chun cinn

Lárcheantair uirbeacha agus an geilleagar oíche a choimircíú trí acmhainní cuí a thabhairt don Gharda Síochána chun díriú ar dhíol agus ar sholáthar drugaí aindleathacha ar ár gcuid sráideanna.

Tá faireachán á dhéanamh ar acmhainní an Gharda Síochána agus leithdháileann Coimisiúna an Gharda Síochána acmhainní chun freastal ar riachtanais oibriúcháin. Rinne an Roinn Sláinte na Rialacháin maidir le Mí-Úsáid Drugáil, 2017. Leis na Rialacháin, tugtar rialuithe breise isteach i dtaca le drugaí áirithe atá ar fáil lena ndíol aindleathach.

Leathnú a dhéanamh ar Thionscadail Athstiúrtha don Óige de chuid an Gharda Síochána lena gcuirtear ceartas aisíoch chun cinn, agus aird á tabhairt ar threocaithe san ógchoireacht.

Tá 105 Thionscadal Athstiúrtha don Óige de chuid an Gharda Síochána ar siúl sa Stát faoi láthair. Rinneadh an-chuid oibre sa bhliain 2017 ar na prionsabail oibriúcháin do Thionscadail Athstiúrtha don Óige de chuid an Gharda Síochána a athrú chun dáta. Rinneadh an méid sin d'fhonn tabhairt faoi phróiseas fairsing um rannpháirteachas le geallsealbhóirí a bhfuil mar aidhm aige feabhas a chur ar inrochtaineacht agus éifeachtacht na seirbhísí a sholáthraíonn Tionscadail Athstiúrtha don Óige de chuid an Gharda Síochána. Táthar ag súil go ndéanfar forbairt leanúnach sna blianta atá le teacht ar na cineálacha cur chuige a ghlaicfar i leith athstiúradh agus go ndéanfar amhlaidh i gcomhthíacs athbhreithnithe leanúnacha beartais agus reacthaiochta agus i bhfianaise an taighde a thagann chun cinn.

Scéimeanna pobail um chosc na coireactha a chistiú, lena n-áirítear Faire Comharsanachta agus an Scéim Foláireamh Téacs.

Sa bhliain 2017, leithdháileadh cistíú ab fhiú suas le €150,000 le haghaidh na Scéime Lacáiste Foláireamh Téacs,

rud a dhéanann ranníocaíocht leis na costais a bhaineann le seirbhísí Foláireamh Téacs a obríú. Leithdháileadh €100,000 sa bheis le haghaidh bearta pobail um chosc na coireachta.

Tacú le hinfheistíocht i TCI ag suíomhanna tábhachtacha ar an ngréasán bóithre agus i lárcheantair uirbeacha

Tá scéim i mbun oibre ó bhí mí Aibreáin 2017 ann chun ranníocaíocht a dhéanamh leis an gcostas a bhaineann le córais TCI a shuiteáil.

Cur chuige uile-Rialtais a chinntí maidir leis an mBeartas Pionóis agus maidir le dul i ngleic le hiompraíocht ciontora chun athchiontu a laghdú.
Bunaíodh an Grúpa Idirghníomhaireachta um Chomhar ar son Éire atá Níos Cothroime agus Níos Sábhálte. Tá sé comhdhéanta de 18 mball a dhéanann ionadaíocht do raon leathan comhlacthaí poiblí. Tá sé beartaithe go gcomhlíonfaidh an grúpa sin ról an-suntasach i bpriomhchuspóir de chuid an Ghrúpa Athbhreithnithe um an mBeartas Pionóis a bhaint amach, is é sin, a chinntí gur trí chur chuige 'uile-Rialtais' a dhéanfar iarrachtaí freagairt do choireacht agus í a chosc.

An Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac in Éirinn a chur chun feidhme.

Leanadh ar fud na bliana 2017 leis na príomhgníomhaíochtaí a leagtar amach sa Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a chur chun feidhme. Áirítear leo sin oiliúint a chur ar phearsanra túslíne, feasacht an phobail a mhéadú, comhar feabhsaithe i measc geallsealbhóirí agus bearta chun éileamh a laghdú.

Tograí reachtacha a fhorbairt agus a bhainistiú maidir leis an dlí coiriúil i gcomhréir le clár reacthaíochta an Rialtais
Leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnásacha), 2017, neartaítear cionta lena ndéantar mí-úsáid ghnéasach agus dúshaothrú gnéasach leanáí agus pornagrafaíocht leanáí a chomhrac. Áirítear le forálacha an Acht freisin cionta a bhaineann le híoc as gníomhaíochta ghnéasach le striapacha agus le hiompar colúil de chineál gnéasach. Tosaíodh Codanna 1, 2, 3, 4, 7 agus 8 (gan Codanna 46, 47, 51(b) agus 52 a áireamh) le héifeacht ón 27 Márta 2017.

Chuir an tUachtaráin a lámh leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Pianbhreitheanna Prósúnachta Fionraithe), 2017, an 15 Márta 2017. Leis an Acht sin, leasaítear alt 99 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, ar bhealaí áirithe agus foráiltear do nithe gaolmhara.

Achtaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta a Bhaineann le Córais Faisnéise), 2017, an 24 Bealtaine 2017 agus tosaíodh é an 12 Meitheamh. Leis an Acht sin, tugtar éifeacht d'fhorálacha áirithe de Threoir 2013/40/AE maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise.

An 5 Samhain 2017, achtaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, lena ndéantar cur chun feidhme ar Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le híospartaigh na Coireachta. Tosaíodh formhór na bhforálacha an 27 Samhain 2017.

Achtaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2017, an 22 Meitheamh 2017 agus tosaíodh formhór na bhforálacha an 14 Lúnasa 2017. Is é aidhm an Acht feabhas a chur ar oibriú an chórais bhannaí agus an dlí a dhéanamh chomh héifeachtach agus is féidir maidir leis an bpobal a chosaint ar choireanna a dhéanann daoine atá ar bannaí, agus cearta an chúisí á gcosaint ag an am céanna.

Chuir an tUachtaráin a lámh leis an Acht fán gCoimisiún Neamhspleáach um Thuairisciú, 2017, an 26 Iúil. Faoin Acht sin, bunaíonn an Rialtas agus Rialtas na Ríochta Aontaithe an coimisiún de réir an Chomhaontaithe a rinneadh i mBaile Átha Cliath an 13 Meán Fómhair 2016.

Foilsíodh an Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) an 2 Samhain 2017. Is é aidhm an Bhille leasú a dhéanamh ar an dlí maidir le héilliú a chosc (lena n-áirítear cionta a bhaineann le héilliú).

Cheadaigh an Rialtas dréacht-Chinn do Bhille nua um Shonraí a Choimeád chun leasú a dhéanamh ar an Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011. Foilsíodh iad i mí Dheireadh Fómhair 2017. Cuirfear san áireamh sa Bhille breithíunais áirithe ó Chúirt Bhreithíunais an Aontais Eorpaigh, a shainaithean deacrachaí leis an tsamhail a mbaineann Ballstáit an Aontais Eorpaigh úsáid aisti chun bainistiú a dhéanamh ar an rochtain atá ag údarás forfheidhmithe dlí ar shonraí cumarsáide.

Slándál Náisiúnta a chur chun cinn, agus dul i ngleic le sceimhlitheoirreacht agus le coireacht thromchúiseach agus eagraithe

Cláir a fhorbairt chun freagairt do bhagairtí slándála

I ndlúthchomhar le hOifig na nDréachtóiri Parlaiminte agus le hOifig an Ard-Aighne, rinneadh dul chun cinn ar leasuithe a fhorbairt ar an dlí um chumhactaí imscrúdaitheacha i dtaca le cumarsáidí leictreonacha. Tá dlúth-idirchaidreamh leanúnach ar bun le húdaráis an Gharda Síochána i leith teaghmhaíslándála agus freagairtí slándála, lena n-áirítear forbairtí comhroinntí faisnéise, rannpháirteachas leantach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh sa chreat slándála inmhéanaí/frithsceimhlitheoirreachta, agus rannpháirtíocht sa Ghrúpa Ardleibhél Saineolaithe maidir leis an Radacú, ar grúpa nua é atá faoi stiúir an Choimisiúin. Rinneadh tuilleadh oibre freisin laistigh de chreat pleánala éigeandála an Rialtais chun ullmhú do na hiarmhairtí a bheadh ag gabháil le hionsaí sceimhlitheoirreachta, lena n-áirítear dhá chleachtadh straitéiseacha boird de chuid an Ghrúpa Náisiúnta um Chomhordú Éigeandála sa bliain 2017.

Teaghmáil ghníomhach a bheith ann le Ranna Rialtais, le gníomhaireachtaí Rialtais agus le compháirtithe ábhartha i ndlínsí eile chun dul i ngleic le sceimhlitheoirreacht agus le coireacht thromchúiseach agus eagraithe.

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair ar fud na bliana 2017 le compháirtithe ábhartha i Ranna eile, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

Rannchuidiú leis an athbhreithniú struchtúrach ar na socruthaí cinnteoirreachta thar na réimsí comhchoiteanna slándála agus cosanta.

Ba é a bhí i mbunú Choiste Comh-aireachta F i mí lúil 2017 ná cuid thábhachtach de chórais an Stáit le haghaidh anailís a dhéanamh ar bhagairtí ar an tszlándál náisiúnta, ullmhú a dhéanamh ina leith agus freagairt dóibh a choinneáil faoi athbhreithniú agus soláthar a dhéanamh do chomhordú ardleibhél idir Ranna ábhartha agus gníomhaireachtaí ábhartha i dtaca le nithe gaolmhara. Tá an Roinn i mbun teaghmála leis an gCoimisiún um Thodhchaí na Pólíneachta in Éirinn i dtaca le struchtúr sa réimse sin.

Tacú le hobair an Tascfhórsa Comhgníomhaireachta ar dhul i ngleic le coireacht eagraithe trasteorann agus feabhas a chur ar an obair sin.

Tá an Tascfhórsa Comhgníomhaireachta i mbun oibre ó bhí an bliain 2016 ann agus shaináithin sé sé réimse tosaíochta le

haghaidh gníomhaíochta: coireacht tuaithe; dúshaothrú gnéasach leanaí; calaois mál; drugaí; coireacht airgeadais; agus gáinneáil ar dhaoine. Rinne an Tascfhórsa Comhgníomhaireachta roinnt comhoibríochtaí sna réimsí tosaíochta sin ón uair a bunaíodh é i leith. Tugann sé tuairisc do na hAirí ar a chuid gníomhaíochtaí agus cuireadh trí thuarascáil den sórt sin ar fáil go dtí seo.

Cur chun feidhme Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) agus cur chun feidhme na comhroinntí uathoibrithe faisnéise faoi chinntí Choinbhinsiún Prüm a chur ar aghaidh.

Cuireadh scópáil dearaidh mhionsonraithe i gcrích i mí na Nollag 2017. Leanann an Fhoireann Tionscadail sa Gharda Síochána ar aghaidh ag déanamh idirchaidreamh lena macasamhlacha idirnáisiúnta agus ghlac baill den Fhoireann Tionscadail páirt mar bhreathnóirí i meastóireacht Schengen ar Bhallstáit eile, rud a chabhróidh le pleánal a dhéanamh le haghaidh na meastóireachta ar Éirinn. Tá an tionscadal ar an mbealach ceart le haghaidh nascacht SIS II a bhaint amach faoin dara ráithe den bhliain 2019. Tá Éire reádh lena meas i dtaca leis an ngné Méarlorg de Choinbhinsiún Prüm agus d'eagraigh an Garda Síochána a chuaireann meastóireachta lena Chomhghleacaithe san Ostair cheana féin. Is geall le curtha i gcrích atá an tionscadal malartaithe sonraí DNA atá á dhéanamh ag Eolaíocht Fhóiríeinseach Éireann. Tugadh chun críche an reachtaíochta a theastaíonn chun malartú sonraí VRD a eascú agus foilseofar í d'fhoinn í a rith trí Thithe an Oireachtais.

Comhar Thuaidh-Theas a fheabhsú chun gníomhaíochta sceimhlitheoirreachta agus coireacht eagraithe trasteorann a chomhrac

Comhlachtaí agus seirbhísí trasteorann i dTuaisceart Éireann a neartú agus a fhorbairt agus an Comhaontú dar teideal 'Tús Nua' a chur chun feidhme.

Coimeádann an Roinn caidreamh láidir ar bun lena macasamhlacha i dTuaisceart Éireann (Roinn Dlí agus Cirt Thuaisceart Éireann agus Oifig Thuaisceart Éireann) i dtaca le comhar trasteorann, lena n-áirítear an Comhaontú Idir-rialtasach um chomhar ceartais choiríúil agus maidir le nithe Breatimeachta. Bunaíodh an Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú agus an Tascfhórsa Comhgníomhaireachta trasteorann (gealltanais faoi 'Tús Nua') agus tá siad ag leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna. Rannchuidítear go leanúnach leis an bpróiseas caibidílochta reatha atá ar siúl i dTeach Stormont faoi láthair i dtaca le saincheisteanna iarmhairtí na coimhlinte. Tosaíodh an tAcht fán gCoimisiún um Thuairisciú Neamhspleách, 2017, agus tá obair á déanamh ar thograí reachtaíochta a ullmhú i dtaca le saincheisteanna iarmhairtí na coimhlinte.

Institiúidí a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar iarmháirtí na coimhlinte i dTuaisceart Éireann

Comhar le Ranna Rialtais ó thuaidh agus ó dheas agus le Rialtas na Ríocht Aontaithe maidir leis na hInstitiúidí a bhunú faoi Chomhaontú Theach Stormont chun aghaidh a thabhairt ar iarmháirtí na coimhlinte i dTuaisceart Éireann.

Thug Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Breataine comhaontú chun críche ar bhunú an Choimisiúin Neamhspleách um Aisghabháil Faisnéise i mí Dheireadh Fómhair 2015. Féadfar dul i mbun comhair leis an Aonad Imscrúduithe Stairiúla faoin gCreat um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach agus cheadaigh an Rialtas scéim għinearalta an Bhille um Cheartas Coiriúil (Comhar Idırnáisiúnta) i mí na Nollag 2017. Leis an reachtaíocht sin, éascófar tuilleadh an comhar idir Údarás na hÉireann agus na hInstitiúidí atá le bunú faoi Chomhaontú Theach Stormont chun déileáil le hiarmháirtí na coimhlinte.

Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoreachta a chomhrac

Athbhreithniú an Tascfhórsa Idırnáisiúnta um

Għnómhaíocht Airgeadais

Faoi mar atá amhlaidd i gcás na mball uile den Tascfhórsa Idırnáisiúnta um Għnómhaíocht Airgeadais, déantar measúnú rialta ar Éirinn maidir leis an méid a eirionn léi comhlíonadh a dhéanamh ar na caighdeán fhoilsithe ón Tascfhórsa le haghaidh Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoreachta a Chomhrac agus rátáiltear í dá réir. Foilsodh Tuarascáil Meastóireachta Frithpháirti an Tascfhórsa an 7 Meán Fómhair 2017, tar éis għlacadh na Tuarascála ag cruinniú iomlánach an Tascfhórsa in Valencia idir an 18 Meitheamh agus an 23 Meitheamh 2017. Tríd is tríd, ba Thuarascáil dhearfach í, go háirithe i dtaca leis an Earnáil Seirbhís Airgeadais. Dá ainneoin sin, ní raibh an rátáil do Mhaoliniú Sceimhlitheoreachta ag teacht le piarai na hÉireann. Cosúil le geall le gach ceann dár bpiaraí a cuireadh faoin bpróiseas sin le blianta beaga anuas, déantar Athbhreithniú Breisithe ar Éirinn anois agus déanfaidh Éire trí thuarascáil eatramhacha ar an dul chun cinn sna cúig bliana romhaġġ ar na moltaí sa Tuarascáil a chomhlíonadh.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht reatha um Fháltais ó Choireacht agus a chinntiú go gcuirfear acmhainnī leordhóthanacha ar fáil chun tacú le hobair an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Leis an Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2016, a achtaíodh i mí an Mheithimh 2016, tugadh cumhachtaí breise don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla mar fhreagairt don bhagairt mhéadaithe ó choireachta eagraithe. Tá an reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht faoi athbhreithniú fós. Lónadh roinnt folúntais foirne sa blhain 2017, rud a d'fhág go raibh 79 mball foirne ag an mBíúró um Shócmhainní Coiriúla. Ba é €7.585 milliún leithdháileadh buisid an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla don blhain 2017.

Cúnamh idırnáisiúnta

Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach

Leanann an Rønn le déileáil ar an mbealach is tapa is féidir le hiarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach in imscrúduithe coiriúla, le Barántais Għabbhala Eorpacha agus le hiarrataí ar eiseachadadh.

An Lárúdarás um Fhuadach Idırnáisiúnta Leanaí

Chuaigh an Lárúdarás um Fhuadach Idırnáisiúnta Leanaí i mbun oibre sa blhain 1991. Tá sé lonnaithe sa Rønn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Faoi Ċoinbhinsiún na Háige, 1980 agus 1996, agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 (Rialachán na Bruséile IIA), éascaonn an Lárúdarás iarratais ar filleadħ leanaí a baineadh go héagórah, fail na gceart rochtana, iarrataí ar thuarascálacha sóisialta, socrú leanaí i ndálai cúram altrama nó cúram shóisialta eile thaor theorainnecha idırnáisiúnta, iarrataí ar aistriú dlínse agus iarrataí ar shuioħm leanaí.

I għomhar le húdarás inniūla ábhartha sa Stát amhail an tSeirbhís Ħużeppi, an Garda Siċċċana, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, an Għnómhaireachta um Leanaí agus an Teagħlach (Tusla), an Rønn Gnóthaí Eachtracha agus Oifig an Phrionm-Aturnae Stáit, agus i għomhar le húdarás inniūla náisiúnta i Stáit Chonarħacha eile, oibrionn an Lárúdarás chun an raon iarratas thusa a éascú, agus tús áite a thabhairt aige do leas na leanaí. Chabħraġ an Lárúdarás le 280 iarratas sa blhain 2017. Tháinig lagħdū ar an l-żon iarratas nua a fuarħas, ó 187 n-iarratas sa blhain 2016 go 173 iarratas sa blhain 2017. B'ionn é sin agus lagħdū de nios mó na 7% ó blhain go blain.

3.2 – Rochtaí ar Cheartas

Is é aidhm fhioriomlán an chláir seo ná tacú le héifeachtúlacht agus le hathchóiriú i riár an cheartais, lena n-áirítear seirbhísí feabhsaithe a sholáthar d'íospartaigh na coireachta.

A chinntíú go bhfuil na córais Chúirteanna agus Chúnaimh Dhlíthiúil ag soláthar seirbhís ardcháilíochta ghairmiúil atá inrochtana, éifeachtúil agus éifeachtach

Tacú le Clár Caipitiúil na Seirbhise Cúirteanna a chur i gcrích, lena n-áirítear Tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí.

Is é atá i gceist leis an tionscadal seo ceithre theach cúirte nua a thógál i nDroichead Átha, i Leitir Ceanainn, i Luimneach agus i Loch Garman agus athchóiriú agus méadú suntasach a dhéanamh ar na tithe cúirte atá ann cheana i gCorcaigh, ar an Muileann gCearr agus i bPort Láirge faoi shocruithe Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí. Cuireadh an teach cúirte nua i nDroichead Átha i gcrích agus d'oscail an tAire go hoifigiúil é an 10 Iúil 2017. Cuireadh an teach cúirte nua i Leitir Ceanainn i gcrích agus tosaíodh an tseirbhís an 27 Samhain 2017. Cuireadh an teach cúirte nua i Loch Garman i gcrích agus tosaíodh an tseirbhís an 22 Nollaig 2017. Tá obair á déanamh ar na gnéithe eile den chlár.

Idirghabháil a phorbairt mar rogha eile ar imeachtaí cúirte.

D'éirigh an tAcht Idirghabhála, 2017, ina dhilí i mí Dheireadh Fómhair 2017. Is é cuspóir ginearálta an Acharta Idirghabhála, 2017, ná idirghabháil a chur chun cinn mar rogha inmharthana, éifeachtach agus éifeachtúil eile ar imeachtaí cúirte agus, ar an mbealach sin, costais dlí a laghdú, dlús a chur leis an réiteach diospóidí agus maolú a dhéanamh ar an strus atá i gceist le himeachtaí cúirte.

Comhar le gníomhaireachtaí ceartais choiriúil maidir le hathchóirithe nós imeachta, le coigiltí costais agus le gníomhartha íoslachdaithe, go háirithe úsáid na físchomhdhála a leathnú chuig tuilleadh ionaid chúirte agus príosún sa thír.

Leanadh sa bhliain 2017 le méadú a dhéanamh ar an úsáid atá á baint as nasc físe agus bhí obair leanúnach ar bun ar athchóirithe reachtacha a ullmhú le haghaidh tuilleadh éifeachtúlachtaí a éascú. Chuaigh comhalaí nua ó na Cúirteanna agus ón nGarda Síochána isteach sa Ghrúpa Éifeachtúlachtaí a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar athchóirithe. Tosaíodh obair ar Scéim Ghinearálta Athbhreithnithe don Bhille um Nós Imeachta Coiriúil sa bhliain 2017.

Struchtúir agus córais chuí a phorbairt chun riáráistí morgáiste agus cásanna eile dócmhainneachta pearsanta a láimhseáil

Faireachán a dhéanamh ar thionchar agus éifeachtacht na bpróiseas dócmhainneachta pearsanta, agus struchtúir agus córais a bheachtú agus a phorbairt, nuair is gá.

Reáchtáladh cúig chruinníú de chuid an Chomhghráupa Oibre agus ceithre chruinníú de chuid an Bhoird Stiúrtha sa bhliain 2017. Rinne an Comhghráupa Oibre agus an Bord Stiúrtha cur i gcrích agus céadú ar Thuarascáil Athbhreithnithe. Cheadaigh an Grúpa Oibríochtaí Speisialta um Riaráistí Morgáiste í an 18 Deireadh Fómhair. Cuireadh leagan na Tuarascála faoi bhráid an Rialtais siar go dtí go dtabharfaí an leithdháileadh buiséid ar ghnéithe de Abhaile chun críche sa bhliain 2018.

Tacú le seirbhísí inniúla comhbhácha éifeachtacha a phorbairt d'íospartaigh na coireachta

Seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh a phorbairt, agus an pointe teagmhála aonair le haghaidh tacaíocht agus faisnéis a rochtain a dhéanamh d'Oifigí Tacaíochta an Gharda Síochána d'íospartaigh.

Cuireadh cistiú ar fáil sa bhliain 2017 do 58 n-eagraíocht a thacaíonn le híospartaigh na coireachta. Chuir an Rialtas leithdháileadh buiséid €1.712 milliún ar fáil. Bunaíodh Oifigí Tacaíochta d'íospartaigh i ngach ceann de Rannáin an Gharda Síochána.

An Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Insneachbunaithe a chur chun feidhme (Cur Chun Feidhme Choinbhinsiún Iostanbúil).

Leanadh sa bhliain 2017 leis na gníomhartha a leagadh amach sa Dara Straitéis Náisiúnta a chur chun feidhme. Áiríodh leis na gníomhartha sin oiliúint a chur ar oifigigh earnála poiblí, feachtas náisiúnta feasachta a reáchtáil ar fhoréigean baile, agus reachtaíocht a rith atá dírithe ar fheabhas a chur ar na cosaintí dlíthiúla atá ar fáil d'íospartaigh.

Bonn feabhsaithe reachtaíochta a chur ar fáil le haghaidh caighdeán bhreithiúnacha agus an deachleachtas a chur chun feidhme i ndáil le ceapadh breithiúna, chomh maith le hathchóirithe eile dlí shibhialta a chur chun feidhme chun freastal ar riachtanais athraitheacha na sochaí

Reachtaíocht a chur ar aghaidh chun athchóiriú agus uasdátú a dhéanamh ar an gcóras ceaptha breithiúna, i gcomhréir le Clár an Rialtais.

Foilsíodh an Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha agus cheadaigh an Rialtas bearta. Tugadh an Bille ar aghaidh chuig Céim an Choiste i nDáil Éireann.

Dul chun cinn a dhéanamh ar an reachtaíocht a theastaíonn chun Comhairle na mBreithiúna a bhunú.

Foilsíodh an Bille um Chomhairle na mBreithiúna sa bhliain 2017 agus cuireadh an Dara Céim i Seanad Éireann i gcrích an 22 Samhain 2017.

Tograí le haghaidh Athchóiriú an Dlí Shibhialta/ an Bheartais Chúirteanna a chur ar aghaidh de réir chlár reachtaíochta an Rialtais agus i gcomhairle le geallsealbhóirí.

Cúirt thiomnaithe nua a bhunú chun riaráistí morgáiste agus cásanna eile dócmhainneachta pearsanta a láimhseáil: Rinneadh breithniú ar shocruithe tiomnaithe nua cúirte a thabhairt isteach le haghaidh athsheatbhuithe, lena n-áirítear córas a thabhairt isteach ina n-eagraítear suíonna cúirte atá sonrach d'athsheatbhuithe in ionaid shonracha ar dhátaí sonracha. Tá siad réidh le cur i bhfeidhm i gcás go bhfuil gá ann le leanúint le socruithe nua.

Síniódh an tAcht um Dhíltéanas Sibhialta (Leasú), 2017, isteach sa dlí an 22 Samhain agus bhíothas ag leanúint ag deireadh na bliana ar obair ar na rialacha cúirte a theastaíonn chun tosú na bhforálacha um ordúithe i dtaoibh focaíochtaí tréimhisiúla a chumasú.

Tar éis ceadú an Tánaiste a fháil, scaipeadh dréacht-Mheabhrán don Rialtas ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) an 13 Meitheamh 2017 ar an gcóras ríomhChomhaireachta le haghaidh tuairimí a fháil ó na Ranna go léir eile faoin 6 lúil 2017 agus bhí sé ag fanacht le sceidealú a fhoilsithe ag deireadh na bliana.

Tosaíodh Acht na gCúirteanna, 2017, an 1 Meitheamh 2017 le hordú a rinne an Tánaiste i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Leis an Acht, leasaítear an dlí reachtuil um thoghairmeacha Cúirte Dúiche a chruthú agus cuirtear an '3ú Rogha Íocaíochta' chun feidhme.

Foilsíodh an Bille um Fhoréigean Baile, 2017, i mí Feabhra 2017. Tá sé mar chuspóir aige comhdhlúthú agus athchóiriú a dhéanamh ar an dlí maidir le foréigean baile ar mhaithe le cosaint níos fearr a thabhairt d'íospartaigh. Tá an Bille ina chuid thábhachtach den Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe. Cabhróidh sé le hÉirinn daingniú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Fhoréigean Baile agus Foréigean Inscnebhunaithe a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl). Rith an Seanad an Bille an 30 Samhain 2017. Chuir sé an Dara Céim sa Dáil i gcrích an 15 Nollaig 2017 agus bhí sé ag fanacht le Céim an Choiste ag deireadh na bliana.

3.3 – Sochaí atá Cothrom agus Uilechuimsitheach

Cuireann an Roinn ceannaireacht agus treoir straitéiseach ar fáil faoi nithe a bhaineann le Dlí agus Ceart agus Comhionannas. Féachann sí le rialachas corporáideach éifeachtach a chinntíú san earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus lena chinntíú gur go héifeachtach laistigh de na hacmhainní atá ar fáil a sholáthraítear seirbhísí Dlí agus Cirt agus Comhionannais don phobal. Faoin gclár, díríonn an Roinn ar bhacainní ar bhaint amach ár bhfíse i leith Éire atá cothrom agus uilechuimsitheach a bheith ann.

Comhionannas agus uilechuimsitheacht i sochaí na hÉireann a chur chun cinn

Dul i dteaghmáil leis an tsochaí shibhialta, leis na compháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí eile agus dul i mbun comhoibriú trasrannach chun forbairt, foilsíú, cur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar bheartais agus straitéisí a bhfuil mar aidhm leo comhionannas agus uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus neamhionannais a shárú

An Straitéis nua um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas 2016-2019: Cuireadh an Straitéis Náisiúnta Míchumais ar fáil ar an suíomh Gréasáin e.gov.

An Straitéis Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas: Leanann Grúpa Cur Chun Feidhme na Straitéise Cuimseacháin Fostaíochta le teacht le chéile agus le gníomhartha a chur ar aghaidh ar fud na seirbhíse poiblí. Tabharfaidh an Grúpa Tuarascáil Bhliantúil an Chathaoirligh don bhliain 2017 agus a chlár oibre don bhliain 2018 chun críche ag deireadh mhí Eanáir.

An Straitéis maidir le Lánpháirtíú Imirceach: Agus é faoi chathaoirleacht an Aire Stanton, tionóladh an chéad chruinniú de chuid Choiste Faireacháin agus Cur Chun Feidhme na Straitéise maidir le Lánpháirtíú Imirceach an 27 Meitheamh 2017. Forbraíodh táscairí faireachán do na gníomhartha uile sa Straitéis maidir le Lánpháirtíú. Críochnaíodh an chéad bhabhta de chruinnithe fochoiste le linn na bliana freisin.

Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020: Seoladh [Straitéis Náisiúnta nua na mBan agus na gCailíní 2017-2020](#) i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2017.

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach: Seoladh an [Straitéis Náisiúnta nua um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021](#) an 13 Meitheamh 2017.

Cúrsaí ina dtugtar sraith deiseanna oiliúna le haghaidh féinforbairt agus scileanna a bhaineann leis an obair a ghnóthú a chur ar fáil do mhná sa cheantar áitiúil chun cabhrú leo filleadh ar an margadh saothair agus chun an fiontraíocht a chur chun cinn.

Ag teacht sna sála ar Ghairm Tograí Oscailte, síniódh comhaontuithe deontais arbh fhiú €4 mhilliún san iomlán iad le 14 thionscadal ar fud na tíre chun tacáiocht a thabhairt do mhná atá scartha amach ón margadh saothair faoi láthair filleadh ar an bhfórsa saothair. Bronnadh €1.2 milliún eile ar cheithre thionscadal atá dírithe go sonrach ar thacaíocht a thabhairt do mhná dul i mbun na fiontraíochta. Ghlac 1004 bhean páirt sna tionscadail sin le linn na bliana 2017. Faigheann na tionscadail sin comhchistiú ó Rialtas na hÉireann agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa mar chuid de [Chláir Chiste Sóisialta na hEorpa um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020](#).

Cláir Chistiúcháin an Aontais Eorpaigh um Imirceach

Tá an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ainmnithe mar Údarás Freagrach in Éirinn i leith an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014-2020. Is fiú thart ar €50m é an leithdháileadh iomlán a fuair Éire ón Aontas Eorpach faoin gclár. Úsáidfear an cistíú chun tacú le raon gníomhaíochtaí a bhfuil mar aidhm leo bainistíochta éifeachtúil sreachaí imirce a chur chun cinn agus cur chuige coiteann de chuid an Aontais a chur chun feidhme, a nearútú agus a fhorbairt maidir leis an tearmann agus leis an inimirce. Ag teacht sna sála ar Ghairm Tograí Oscailte, bronnadh níos mó ná €4.5 milliún san iomlán ar 20 tionscadal chun tacú le raon gníomhaíochtaí glactha agus imeasctha d'íarrthóirí tearmainn, do dhídeanaithe agus do Náisiúnaigh Thríú Tír. Tionóladh an chéad chruinniú de chuid Choiste Faireacháin Náisiúnta an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht an 12 Meán Fómhair 2017.

**An comhionannas agus an promhadh inscne a chur chun
cinn i dtograí beartais náisiúnta.**

Áirítear le Straitéis Náisiúnta nua na mBan agus na gCailíní 2017-2020 gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo an promhadh inscne a chur chun cinn i dtograí beartais

náisiúnta. Mar chuid den fhaireachán a dhéanann sí ar dhul chun cinn faoin Straitéis, d'íarr an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar na Ranna uile tuairisc a thabhairt ar gach cás ina ndearnadh straitéisí a forbairt nó a athbhreithniú agus ar cé acu a cuireadh nár cuireadh tionchar inscne na straitéisí sin san áireamh lena linn.



3.4 - Córás Inimirce agus Cosanta atá Cóir agus Cothromaithe

Cuireann an clár seo bearta agus cláir chun feidhme a bhfuil mar aidhm leo córas inimirce agus cosanta atá cóir agus cothromaithe a sholáthar d'imircigh, do thurasóirí agus do dhídeanaithe, ar córas é a choinníonn ionracas an chórais inimirce ar bun.


Inimirce de réir na bhFigíúirí:

Cónai: Cónai in Éirinn chun Críocha Oibre, Staidéir nó Teaghlaigh:
Daoine nach saoránaigh den Limistéar Eorpach
Eacnamaíoch (LEE) iad a bhfuil cónai orthu in Éirinn
Ceanglaítear ar gach duine nach náisiúnaigh de LEE iad atá ag cónai sa Stát le níos mó ná 90 lá clárú leis an nGarda Síochána. Bhí cead chun cónai in Éirinn ag 127,955 dhuine nach náisiúnaigh de LEE iad ag deireadh na bliana 2017, i gcomparáid le 115,077 nduine ag deireadh na bliana 2016. Sa bhliain 2017, d'éisigh Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann agus an Garda Síochána beagán os cionn 108,000 ceann san iomlán de chláruithe ceada nua nó athnuaithe chun fanacht sa Stát. Is anseo chun críocha oibre nó staidéir atá formhór na ndaoine a bhfuil cead acu chun fanacht sa Stát.

Iarratais ar chead chun cónai sa Stát a dhéantar chuig an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce
Ní mór cineálacha áirithe iarratais chun cónai sa Stát a dhéanamh chuig an Aire tríd an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce. Tá na cásanna sin níos casta de réir a gcineáil agus is gó mionanailís agus mionbhreithniú a dhéanamh orthu sula bhféadfar cead a dheonú. Tar éis cead a dheonú, cláraíonn an t-iarratasóir ar an ngnáthbhealach. Fuair Rannán Cónaithe na Seirbhise Eadóirseachta agus Inimirce níos mó ná 14,600 iarratas den sórt sin sa bhliain 2017.

Iarratais ar Víosa


Fuarthas 125,527 n-iarratas sa bhliain 2017, rud a bhí cothrom le méadú 1% ar an bhfigíúr don bhliain 2016. Tháinig méadú 31% ar an lín iarratas ar víosa a fuarthas thar na 5 bliana seo a chuaigh thart ón mbliain 2013.



Fíor 3: Iarratais ar víosa de réir bliana

Iarratais ar Shaoránacht a deonaíodh sa bhliain 2017

D'éisigh an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce 8,199 gcinn de dheimhnithe saoránachta sa bhliain 2017. Is as na 10 bpriomhthír seo a leanas a tháinig formhór na ndaoine ar bronnadh saoránacht orthu: an Pholainn, an Rómáin, an India, an Ríocht Aontaithe, an Nigéir, an Laitvia, na hOileáin Philipíneacha, an Phacastáin, an Bhrasaíl agus an tSín. Tionóladh 16 shearmanas saoránachta le linn na bliana. Bhí siad sin ar siúl san Ionad Comhdhála i mBaile Átha Cliath agus in Ollscoil Luimnígh.



Córas cosanta idirnáisiúnta atá cuíchóirithe agus éifeachtach a áirithíú, lena n-áirítear feabhsuithe ar an gcóras Soláthair Dhírigh

Feabhsuite a chur ar an gcóiríocht a sholáthraíonn an Stát agus ar sheirbhísí gaolmhara, go háirithe seirbhísí do theaghlaigh.

Cuireadh hallá bia ina n-úsáidtear córas pointí i mbun feidhme i Maigh Muíri, sa Seanchlochar i mBéal Átha hAmhnais agus i gCloich na Coillte i gCorcaigh sa bhliain 2017. Leathnófar an clár sin go Baile Átha Luain i mí Eanáir 2018. Tá meascán de shaoráidí comhroinnte cócaireachta agus de shaoráidí freastalta i mbun feidhme i Halla Naomh Pádraig i Muineachán, ar Bhóthar Chionn tSáile i gCorcaigh agus i dTeach Mór an Iarthair i nGaillimh.

Tacú le dídeanaithe cláir a athlonnú agus a athshocrú agus le hiarrthóirí tearmainn athlonnaithe

An Dara Céim de chláir athshocraithe agus athlonnaithe an Aontais Eorpáigh agus na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme agus imeascadh dídeanaithe inár bpobail a chur chun cinn.

Dírionn an Clár Athshocraithe ar Dhídeanaithe a easáitiódh as limistéir choimhlinte sa Mheánoirthear. Ligeadh beagnach 800 duine den sprioclion 1,040 duine as an Liobáin isteach cheana féin. Bainfidh na daoine eile a roghnófar le linn an mhisin deiridh chuig an Liobáin an téar seo amach sa bhliain 2018.

Dírionn Clár Athshocraithe an Aontais Eorpáigh ar larrthóirí Tearmainn sa Ghréig agus san Iodáil a cháláinn d'athshocrú chuig stát eile den Aontas de bhua a dtíre tionscnaimh (e.g. an tSíria, an Eiríré, etc.). Tá 1,089 nduine as an nGréig le tógáil isteach ag Éirinn. Tháinig 755 larrthóirí Tearmainn chuig an téar cheana féin agus bainfidh an lón atá fágtha an téar amach sa chéad ráithe den bhliain 2018. Bhí 623 dhuine as an Iodáil le tógáil isteach ag Éirinn. Ós rud é gur dhiúltai gh an Iodáil measúnuithe slándála a cheadú ar a críoch, ní raibh Éire in ann aon duine de na daoine atá incháilithe d'athshocrú a aistríú. Leagadh i ngach snáithe de Chlár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann diríú ládir ar theaghlaigh agus ar leanáí. Mionaoisigh a bhí i mbeagnach leath na ndaoine a ligeadh isteach go dtí seo, agus bhí beagnach 85% diobh sin faoi bhun 12 bhliain déag.

Feabhas a chur ar rialuithe inimirce ag teorainneacha an Stáit.

Poist teorann a shibhialtachú chun go mbeidh tuilleadh acmhainní Gardaí ar fáil do dhualgais oibríochta.

I mí Dheireadh Fómhair 2017, ba ó Bhíúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chuig an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce a aistríodh an fhreagracht as feidhmeanna rialaithe

teorann ag Críochfort 2, Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chríochnaigh sé sin an obair a bhí ar bun chun an fhreagracht as seiceálacha pas túslíne ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a aistriú chuig baill foirne shibhialtacha.

Slándáil Teorann a fheabhsú, lena n-áirítear obair i gcomhar leis an Ríocht Aontaithe chun slándáil an Chomhlimistéir Thaistil a fheabhsú tuilleadh

Suiteáladh córas scagthástala paisinéirí i mí na Samhna 2017 (agus tá sé beartaithe tuilleadh oibre a dhéanamh sa bhliain 2018) chun cabhrú le hoibleagáidí na hÉireann faoi ionstraimí dlí an Aontais Eorpáigh um Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí agus um Thaifead Ainmneacha Paisinéirí a chomhlíonadh. Úsáidfear an córas chun réamhfhógra a sholáthar faoi dhaoine a bhfuil sé ar intinn acu taisteal go hÉirinn agus a bhféadfadh baol slándála, coiriúil nó inimirce a bheith ag baint leo.

Cuireadh 'ríomhghéataí' uathoibríocha rialaithe teorann i mbun feidhme ag Aerfort Bhaile Átha Cliath an 30 Samhain. Tugadh na ríomhghéataí isteach ar bhonn céimníthe ansin agus tá 20 ceann i mbun oibre anois, 10 gcinn an ceann ag Críochfort 1 agus ag Críochfort 2. Cuirfear na cúig cinn atá fágtha i mbun feidhme i mí Feabhra 2018.

Úsáid na nlonad larratais ar Víosa Tráchtála a leathanú mar chuid de Scéim Víosaí na Breataine-na hÉireann

Osclaioadh trí cinn nua d'lonaid larratais ar Víosa sa tSín i mí lúil 2017, rud a fhágann go bhfuil 15 ionad ann ar fud na Síne anois agus go bhfuil sé níos éasca fós d'íarratasóirí Síneacha larratais ar víosa a chomhlánú. Rinneadh meastóireacht chomhpháirteach ar an scéim sa bhliain 2017. Leanfar leis an díospóireacht ar an scéim a chur i bhfeidhm i láithreacha eile, ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfar ar bhonneagar na Ríochta Aontaithe a uasgrádú.

Cárta Ceada Cónaitheoirí an Aontais Eorpáigh/Comchártá Ceada Cónaithe agus Seirbhise Poiblí i bhFormáid Aontais Eorpáigh do Náisiúnaigh Eachtracha a thabhairt isteach

Tá Cártáí Ceada Cónaitheoirí an Aontais Eorpáigh á dtáirgeadh ón 11 Nollaig 2017 i leith.

Beartais fhreagrúla a chinntíú i leith daoine nach náisiúnaigh de LEE iad agus a bhfuil cónaí orthu sa Stát agus a chinntíú go gcuirtear na beartais sin chun feidhme go héifeachtach

Tosú ar athbhreithnithe rialta beartais a dhéanamh ar chúrsáí inimirce, lena n-áirítear beartais i ndáil le mic léinn, le daoine ar scor, le hoibrithe, etc., chun déileáil le riachtanais agus éilimh a bhíonn ag athrú.

Cuireadh athbhreithnithe i gcrích sa bhliain 2017 agus moladh scéimeanna nua atá á mbreithniúanois dá gcur chun feidhme.

Próisis éifeachtacha a chinntí maidir le daoine nach náisiúnaigh de LEE iad a chlárú, déileáil éifeachtach le hiarratasóirí ar raon leathan seirbhís inimirce agus ar shaoránacht.


Áiríodh iad seo a leanas leis na forbairtí ina leith sin le linn na bliana 2017: cártá Ceada Cónaithe na hÉireann a thabhairt isteach, rud a cuireadh in áit an chárta ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce mar dheimhniú clárúcháin; baill foirne a oiliúint i ndoiciméid chalaoiseacha a bhrath; an suíomh Gréasán a fhorbairt chun cur ar chumas custaiméirí rochtain éasca a fháil ar fhaisnéis faoin gcóras clárúcháin; agus sprioc 5 lá a ghlacadh le haghaidh freagraí a thabhairt ar ríomhphoist chuig an Oifig Clárúcháin, ar sprioc í atá á comhlíonadh faoi láthair.

Feidhmeanna Clárúcháin a aistriú ón nGarda Síochána chuig Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann.

Tá foireann Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann ag oibriú na hOifige Poiblí i gCé an Bhúrcaigh agus ag soláthar seirbhís Clárúcháin agus Ceada chun fanachtanois. Cuireadh córas coinní ar líne i mbun feidhme sa chéad ráithe den bhliain 2017.

Rinne seirbhís dlí an Gharda Síochána athbhreithniú ar Mheabhrán Tuisceana ar an bhfeidhm clárúcháin a aistriú ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chuig an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce. Tá díospóireacht fós ar siúl chun an doiciméad sin a thabhairt chun críche.

NA 10 bPRÍOMHNÁISIÚNTAHT A CLÁRAÍODH SA BHЛИAIN 2017



Is leis na tíortha seo a leanas a bhaineann na 10 bpríomhnáisiúntacht a cláraíodh, agus iad freagrach as níos mó ná 50% de na daoine uile a cláraíodh: an Bhraisail (14.6%), an India (13.5%), an tSín (9%), Stáit Aontaithe Mheiriceá (7.4%), an Phacastáin (5.7%), an Nigéir (4.2%), na hOileáin Philipíneacha (3.6%), an Mhalaeisia (2.7%), Ceanaada (2.6%) agus an Afraic Theas (2.5%). Is ag obair nó ag déanamh staidéir atá formhór na ndaoine a bhfuil cead acu chun fanacht sa Stát.

Leanúint leis an gComhlimistéar Taistil a oibriú go héifeachtach

Leanúint le hobair in éineacht le comhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe i ndáil leis an gComhlimistéar Taistil a fheabhsú agus a shláinú

Ceann de na príomhthosaíochtaí atá ag an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce is ea slándáil an Chomhlimistéir Thaistil a chosaint. Chuige sin, comhoibríonn údarás inimirce an dá thír go dlúth lena chéile chun mí-úsáid an Chomhlimistéir chun críocha inimirce agus coiriúla a chosc, lena n-áirítear trí fhaisnéis a chomhroinnt faoi dhaoine ar ábhar inní coiteann iad. Le linn na bliana 2017, rinne 'Fóram an Chomhlimistéir Thaistil', ar comhghrúpa stiúrtha na hÉireann-na Ríochta Aontaithe é, maoirseacht ar dhul chun cinn an chomhraic in aghaidh bearta Saorthaistil an Aontais Eorpáigh a mhí-úsáid chun stádas cónaithe a ghnóthú go calaoiseach. Rinne sé maoirseacht freisin ar an mbrath leanúnach a dhéantar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar náisiúnaigh an Aontais Eorpáigh atá ag iarraidh

dul isteach sa Ríocht Aontaithe de shárú ar ordúithe díbeartha de bharr coiriúlacht thromchúiseach. D'fhéach an Fóram freisin ar thográí a bhaineann le comhroinnt sonraí a fheabhsú ar mhaithle le teorainn chomhroinntte an Chomhlimistéir Thaistil a chosaint tuilleadh.

Córas cothromaithe víosaí a sholáthar chun cur ar chumas cuaireteoirí dlísteanaacha, turasóirí agus iarratasóirí ar fhanacht fadtéarma teacht anseo agus, ag an am céanna, rialuithe iomchuí a choimeád ar bun

Na forálacha nua forfheidhmithe agus díbeartha atá san Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, a chur chun feidhme chun gníomh níos daingne a dhéanamh in aghaidh mhí-úsáid ár gcórais imirce. Tá an tAcht á chur chun feidhme faoi láthair agus bíonn na forálacha nua á n-úsáid de réir mar a théann cásanna ar aghaidh tríd an gcóras.

3.5 – Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mBeartas Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ar Chur i bhFeidhm an Bheartais sin

Is clár tábhachtach é seo, a bhfuil mar aidhm leis ceannaireacht chomhoibríoch a chur ar fáil don Roinn agus don earnáil i gcoitinne d'fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht a bhaint amach.

Ceannaireacht agus treoir straitéiseach a sholáthar ar cheisteanna Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus forbairt á déanamh ar Chairt Cultúir na Roinne

Cur i bhfeidhm Straitéis agus chláir athchóirithe na Roinne a chomhordú mar chuid den OnePlan agus tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta air sin.

Cuireadh tuarascálacha míosúla agus ráithiúla ar dhul chun cinn ar fáil don Ard-Rúnaí agus don Bhord Bainistíochta le linn na bliana. Cuireadh tuarascálacha ar fáil do chruinnithe idir na hAiri agus an Bord Bainistíochta freisin agus tugadh an t-eolas is deireanaí ina leith sin don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus do Roinn an Taoisigh de réir mar ba ghá.

Ár gCairt Luachanna a chomhtháthú sa dóigh a n-oibrímid mar Roinn.

Leantar le Luachanna na Roinne, mar atá leagtha amach sa chairt a foilsíodh sa bhliain 2016, a úsáid chun buntacú leis an bpróiseas ionduchtúcháin foirne. Ina theannta sin, leagtar an-bhéim ar na Luachanna i gcláir forbartha na Roinne d'Oifigigh Chléireachais, Oifigigh Feidhmiúcháin, Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus Príomhoifigigh Chúnta nua.

Cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta a achtaíodh cheana féin a chinntíú

Cur chun feidhme an Acharta Luachála ag an Oifig Luachála: Rinneadh athluacháil ar na contaetha seo a leanas sa bhliain 2017 mar chuid de REVAL 2017, an clár náisiúnta athluachála: an Longfort, Liatroim, Ros Comáin, an larmhí, Uíbh Fhailí, Cill Dara, Sligeach, Ceatharlach agus Cill Chainnigh. Rinneadh an dara hathluacháil ar Chontae Átha Cliath Theas le linn na bliana freisin. Beidh éifeacht leis an athluacháil ar na contaetha sin chun críocha rátála ón mbliain 2018 i leith. Tabhair faoi deara: Aistríodh an fhreagracht as an tionscadal seo chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag deireadh na bliana 2017.

Comhar idirnáisiúnta a fheabhsú ar shaincheisteanna dlí agus cirt agus comhionannais

Ionadaíocht a dhéanamh do leasanna na hÉireann ar leibhéal idirnáisiúnta trí pháirt iomlán a ghlaicadh i ngach díospóireacht ábhartha atá ar bun san Aontas Eorpach – lena n-áirítear an díospóireacht ar ábhair amhail comhar coiriúil, comhar breithiúnach agus comhar maidir leis an dlí sibhialta, comhar pólínéachta agus an inimirce/an tearmann – agus trí thacú leis an Aire ag Comhairle Aireachta.

Tá an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile comhdhéanta de na hairí ceartais agus gnóthaí baile ó gach Ballstát den Aontas Eorpach agus pléann sí le comhar breithiúnach maidir leis an dlí sibhialta agus maidir leis an dlí coiriúil araon. Pléann sí le cearta bunúsacha, ceisteanna imirce, bainistiú teorann agus comhar pólínéachta, i measc nithe eile, freisin. Leanadh le hionadaíocht éifeachtach a dhéanamh do leasanna na hÉireann i ggníomhaíocht na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le linn na bliana 2017. Gné shuntasach den ghníomhaíocht sin ba ea saincheisteanna a bhaineann leis an imirce agus an Comhchóras Eorpach Tearmainn, an sceimhlitheoiréacht agus an choireacht eagraithe thromchúiseach a chomhrac, agus feabhas a chur ar an malartú faisnéise.

Rannpháirtíocht i ngach idirbheartaíocht maidir le tarraingt siar na Breataine ón Aontas Eorpach

D'oibrigh an Roinn chun a chinntíú go ndéanfaí ionadaíocht iomlán do leasanna na hÉireann i gceisteanna a bhaineann leis an Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus é mar aidhm aici na tortaí is fearr is féidir a chinntíú d'Éirinn san idirbheartaíocht.

Bunaithe ar an gcomhthuarascáil a comhaontaíodh idir lucht idirbheartaíochta na Ríochta Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh, chinn an Chomhairle Eorpach an 15 Nollaig go ndearnadh dul chun cinn dóthanach i gcéim a haon d'idirbheartaíocht Airteagal 50 agus go bhféadfadh an próiseas dul ar aghaidh chuig céim a dó.

Leis an gcomhaontú, ceadaítear leanúint ar aghaidh leis an gComhlístéar Taistil agus urramaítear go hiomlán na cearta atá ag daoine nádúrtha faoi dhlí an Aontais Eorpaigh. Maidir le comhar pólíneachta agus breithiúnach, tá comhaontú leathan ann gurb amhlaidh "maidir le haon nósanna imeachta comhair struchtúrtha agus foirmiúla atá ar bun tráth an dáta tarraingthe siar agus a bhfuil tairseach áirithe (atá le sainiú) sáraithe acu, gur cheart iad a chur i gcrích faoi dhlí an Aontais". Bhí comhaontú leathan ann freisin gur cheart feidhm a bheith ag ionstraimí sibhialta an Aontais Eorpaigh go fóill maidir le haon chonarthaí agus imeachtaí a bhí ar bun roimh an mBreatimeacht. Maidir le cearta saoránach, déantar foráil go dtabharfaidh cúirteanna na Ríochta Aontaithe aird chuí ar chinntí ó Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ceadaítear don Ríocht Aontaithe cásanna a tharchur chuig an gCúirt Breithiúnais go ceann 8 mbliana tar éis an Bhreatimeachta. Rud suntasach eile is ea gur athdheimhnigh an Chomhairle go bhfuil sí sásta compháirtíochta a bhunú leis an Ríocht Aontaithe i réimsí nach mbaineann le comhar trádála agus eacnamaíoch, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus na coireachta idirnáisiúnta go háirithe.

Cloí le ceanglais tuairiscithe faoi Choinbhinsiúin

Rinneadh dréacht-tuarascáil ón gCoiste um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú a fhoilsíú le haghaidh comhairliúcháin an 6 Nollaig 2017. Tionóladh dhá chruinníú comhairliúcháin phoiblí ansin, ceann amháin i nGaillimh an 12 Nollaig 2017 agus an ceann eile i gCorcaigh an 13 Nollaig 2017. Tá cruinníú eile le tionól i mBaile Átha Cliath an 23 Eanáir 2018.

Cur ar chumas comhlacthaí san earnáil Dlí agus Cirt a bhfeidhmeanna a fheidhmiú go sásúil agus rialachas éifeachtach a áirithíú

Oibriú le Gníomhaireachtaí chun Comhaontuithe Formhaoirseachta agus faireachán rialta a chur i bhfeidhm de réir cheanglais Chreat Rialachais Chorparáidigh na Roinne agus an Chóid Cleachtais do Rialachas Comhlacthaí Stáit (2016).

Cuireadh Comhaontuithe Formhaoirseachta (nó Comhaontuithe Dearbhaite Rialachais Chorparáidigh, i gcás

na gcomhlacthaí is neamhspleáiche) i gcrích sa bhliain 2017 i ndáil leis na comhlacthaí seo a leanas: an tÚdarás Rialála Carthanais¹, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla, Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann, Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, Suirbhéireacht Ordánais Éireann², an tÚdarás Slándála Príobháidí, an tÚdarás Clárúcháin Maoine³, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine agus an Oifig Luachála⁴. Tá idirchaidreamh leanúnach ar bun idir an tAonad Rialachais Shíbhialta agus Rannán eile maidir leis na Comhaontuithe atá fós amuigh a chur i gcrích.


Athchóirithe seirbhise poiblí a chur chun cinn ar fud na hearnála chun acmhainn agus cumas na hearnála a fheabhsú

Tacú leis an bPlean nua um Athchóiriú na Seirbhise Poiblí a fhorbairt agus é a stiúradh inár n-earnáil, agus Pleananna Cur i bhFeidhm cuí á fhobairt ina leith.

Rannchuidigh an Roinn leis an obair ar an gCreat nua dar teideal 'Ár Seirbhís Phoiblí 2020' a fhorbairt, rud a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2017. Tugadh ról do bhaill foirne agus do Chinn Ghníomhaireachtaí san obair sin agus coinníodh iad ar an eolas ar fud an phróisis.

¹⁻⁴ Ní thagann na Gníomhaireachtaí seo faoi shainchúram na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thuilleadh.

Forbreathnú ar chreat Ár Seirbhís Phoiblí 2020



Athrú comhoibríoch a stiúradh san earnáil ceartais choiriúil

Ag gníomhú dó faoi cheannaireacht fhioriomlán na Roinne, brúnn an Coiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil athrú comhoibríoch chun cinn ar fud na hearnála ceartais choiriúil. Tá an Coiste faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí agus cuimsiún sé na Cinn ar na gníomhaireachtaí oibríochtúla éagsúla san earnáil. Freastalaíonn na baill sin de Bhord Bainistiochta na Roinne a bhfuil freagrachtaí orthu i réimse an cheartais choiriúil ar chruinnithe an Choiste freisin. Déanann an Coiste maoirseacht ar chlár oibre rollach um thionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar an malartú faisnéise, saineolais agus smaointe ar fud na hearnála agus athchóirithe oibríochta agus beartais a bhfuil comhar struchtúrtha idirghníomhaireachta ag teastáil ina leith a chur ar aghaidh.

Airítear iad seo a leanas leis na tionscadail a cuireadh ar aghaidh nó a cuireadh i gcrích sa bhliain 2017:

- Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le híospartaigh a chur chun feidhme ar bhonn comhordaithe idirghníomhaireachta;
- Mol Oibríochta Ceartais Choiriúil a forbairt le haghaidh malartú uathoibrithe croíshonraí oibríochta ar fud an chórais;
- Clár saincheaptha forbartha ceannaireachta a dhearadh do bhainisteoíri sinsearacha ar fud na hearnála;
- Scéim iasachta idirghníomhaireachta a réachtáil;
- Mórthionscadal taighde agus forbartha beartais a sheoladh (i gcompháirt le hOllscoil Luimních) ar líonraí coireachta tromchúisí a bhaineann le leanáí;
- Scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar mhuinín an phobail as an gcóras ceartais choiriúil;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna malartacha atá ann ar aosaigh a ionchúiseamh.

3.6 – Ár mbaill foirne, ár gcultúr, ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt

Is é aidhm na Roinne feidhmiú mar Roinn ardfheidhmíochta iontaofa a bhfuil mar acmhainn aici a físeann a bhaint amach. Tríd an gclár seo, cuirtear le clár athruithe trí bliana na Roinne a bhfuil mar aidhm leis Roinn atá níos comhoibríche, níos éifeachtaí agus níos dírithe ar gheall sealbhóirí seachtracha a chruthú.

Feidhmiú mar eagraíocht ardfheidhmíochta a leagann síniú leanúnach ar eolas agus scileanna na foirne a fhorbairt

Clár a chur chun feidhme chun ár luachanna a leabú agus chun a chinntíú go gcuirtear iad i ngníomh i ngach gné dár gcuid oibre, agus tacú leis an méid sin trí na gealltanais atá sa Straitéis Acmhainní Daonna a chur chun feidhme.

Leantar leis na luachanna a leabú isteach i dtionscnaimh oiliúna agus foirne. Leabaíodh na luachanna isteach san oiliúint bainistíochta riosca agus san oiliúint tearcfheidhmíochta/araíonachta le déanaí freisin.

Foilsíodh straitéis acmhainní daonna na Roinne i mí na Nollag 2017. Cuireadh an straitéis le chéile tar éis comhairliúchán leathan a sheoladh agus leagtar amach inti an dóigh a dtacóimid lenár Luachanna agus a gcinnteoimíodh go leanfar le iad a leabú isteach inár gcuid oibre.

Athruithe eagrúcháin marthanacha a dhéanamh ar aon dul le Plean Athnuachana na Státseirbhísé.

Leantar le clár athruithe na Roinne a chur chun feidhme faoi Chlár 3.6 – Ár mbaill foirne, ár gcultúr, ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt. Tar éis trí bliana, beagnach, a chaitheamh ar chur chun feidhme, agus tar éis cleachtadh soláthair a sheoladh faoin gcreat iomchuí uile-Rialtais, d'fhostaigh an Bord Bainistíochta saineolas seachtrach chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo agus chun sainaithint a dhéanamh ar thosaíochtaí nua do chéim eile um fheabhsú eagrúcháin. Cuireadh an tionscadal sin i

gcríoch i mí na Nollag 2017 agus leagadh an tuarascáil faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta ansin. Foilsíodh an tuarascáil i mí Eanáir 2018.

Thacaigh an Roinn le Gradaim Shármhaiteasa agus Nuálaíochta na Státseirbhísé 2017, a fógraíodh i mí na Samhna 2017, agus ghlac sí páirt iontu. Bhain an Roinn a sprioc rannpháirtíochta amach, agus níos mó ná 70% den fhoireann páirteach sa Suirbhé ar Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhísé i mbliana, a bhí ar siúl i mí Mheán Fómhair. Úsáidfear fionnachtana an tSuirbhé chun bonn eolais a chur faoi na dtionscnaimh eile a dtabharfar túis áite dóibh sa bliaín atá le teacht.

An Straitéis Acmhainní Daonna agus an Plean Fórsa Saothair a chur chun feidhme chun struchtúir agus an fhoireann a chur ar chomhréim leis an Ráiteas Straitéise 2016-2019 agus chun acmhainní éifeachtacha a chur ar fáil don Roinn. Deiseanna foghlama agus forbartha a sholáthar atá curtha in oiriúint do riachtanais na heagraíochta.

Seoladh straitéis acmhainní daonna na Roinne i mí na Nollag 2017, agus í ar chomhréim leis na téamaí atá cumhdaithe i straitéis acmhainní daonna na Státseirbhísé. Tabharfar sraith clár isteach sa bliaín 2018 chun tacú leis an straitéis. Úsáideadh pleán fórsa saothair na Roinne don bliaín 2017 chun an obair earcaíochta a threorú go héifeachtach sa bliaín 2017, agus líonadh breis agus 450 post lena linn. Cuireadh an clár nua saincheaptha foghlama agus forbartha chun feidhme le linn na bliana agus glacadh go han-mhaith leis. Tríd an gclár, cuireadh deiseanna foghlama níos fearr agus sainoiliúint ar fáil ar fud na heagraíochta agus tacáodh le sainoiliúint airíthe a chur ar roinnt Gníomhaireachtaí difriúla.

Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú

An Straitéis Cumarsáide - 'Communicating Change' – a chur i bhfeidhm.

Tá an Straitéis Cumarsáide á cur ar aghaidh i mbeagnach gach réimse. Tá an ghníomhaíocht críochnaithe go hiomlán i 17 gcinn de na 35 réimse shainaitheanta agus tá cuid den obair críochnaithe agus tá gnéithe áirithe fós ar siúl in 12 réimse eile. Tháinig an líonra cumarsáide le chéile trí huairé ó mhí na Bealtaine 2017 i leith agus tá an t-ábhar ar shuíomh Gréasáin na Roinne á scrúdú aige faoi láthair chun a chinntíú go bhfuil sé cruinn. Soláthraíodh cursa oiliúna i mBéalra soiléir ag ceann amháin de na cruinnithe sin freisin. Tugadh protácal cumarsáide le haghaidh éigeandáláí a bhaineann le Dlí agus Ceart chun críche freisin. Triaileadh an protácal sin sa chleachtas le linn cleachtadh boird san ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandáláí i mí na Nollag. Cuireadh tairseach nua i bhfeidhm an 31 Deireadh Fómhair 2017. Tá an fhoireann cumarsáide ag obair leis an bhfoireann TF maidir le forbairtí a dhéanamh ar an tairseach amach anseo. Leanadh leis an obair ar an bhfís-aschur ón bhfoireann cumarsáide a forbairt tuilleadh agus tá sé beartaithe sraith físeán a chur le chéile ar an obair a dhéanann na codanna difriúla den Róinn.

A chinntíú go ndéantar eolas, sonraí agus taighde a bhainistiú, a chomhtháthú agus a úsáid ar bhealach níos fíorr

I gcomhar le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO), an straitéis dar teideal 'Tógáil ar mhaith le Comhroinnt' a chur chun feidhme trí raon feidhmchlár a thacaíonn le cursaí riarracháin

Forbraíodh ríomhchóras ceisteanna parlaiminte agus cuireadh i bhfeidhm ag deireadh ráithe 3 den bhliain 2017 é. Bhí ríomhchóras saorála faisnéise fós á thriail le linn na bliana agus tá sé beartaithe é a chur i mbun feidhme go luath sa bhliain 2018. Tosaíodh ar an bpleanáil luathchéime do ríomhdhoiciméid sa bhliain 2017. Bhí sé mar aidhm leis an obair sin scála agus raon feidhme na hiarrachta cur chun feidhme a bhunú agus sainaithint a dhéanamh ar na fadhbanna a bhí le sárú ag an gcéad trí Róinn a thug ríomhdhoiciméid isteach.

Sársheirbhís do chustaiméirí a sholáthar dár ngeallsealbhóirí go léir

Cáilíocht ár rannpháirtíochta lenár gcustaiméirí a fheabhsú agus feabhas a chur ar ár n-agaí freagartha do chomhfhereagras agus ar ár gcórais bhainistíochta comhfhereagras.

Leantar le faireachán a dhéanamh ar an dóigh a mbainistítear an timthriall rianaithe comhfhereagras in oifigí an Aire, an Aire Stáit agus an Ard-Rúnaí agus leantar le túis áite a thabhairt don obair sin. Baineadh feabhsuite suntasacha amach ina leith sin trí rannpháirtíocht leanúnach idir foireann na Rúnaíochta Corparáidí agus Rannáin ar fud na Roinne. Chun feabhas a chur ar agaí freagartha do chustaiméirí, eisítear meabhrúcháin go rialta chuig cinn rannáin agus déantar gníomh leanach go rialta i leith comhfhereagras 'beo'.

Nochtadh cosanta:

Stádas i ndáil leis an Nochtadh/leis an gComhfhereagras 2017

An líon míreanna comhfhereagras a d'airbheartaigh gur Nochtadh

Cosanta iad a fuarthas 8

Díobh sin thusa, an líon míreanna comhfhereagras nár bhain leis an Róinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Vóta 24) 2

An líon míreanna comhfhereagras a cinneadh nár Nochtadh Cosanta iad agus a dúnadh 6

An líon Nochtaí Cosanta ar seasadh leo -

4 - FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH

4.1 - Leibhéal soláthar foirne

Seasann an figiúr thíos don líon ionlán ball foirne atá á mbainistiú ag an Roinn nó tríd an Roinn. Áirítear leis an bhfigiúr, i measc daoine eile, baill foirne in Oifig an Phaiteolaí Stáit, in Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann, sa tSeirbhís Phromhaidh, in Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, i Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus i gceanncheathrú Sheirbhís Phrósúin na hÉireann.

4.2 - An soláthar foirne ag an 31 Nollaig 2017

Soláthar Foirne na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Oifigí agus Gníomhaireachtaí gaolmhara ag an 31 Nollaig	
Leibhéal gráid	Líon
Ard-Rúnaí	1
Leas-Rúnaí	3
Rúnaí Cúnta	15
Príomhoifigeach	95
Príomhoifigeach Cúnta	281
Oifigeach Riaracháin	320
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	284
Oifigeach Feidhmiúcháin	423
Oifigeach Cléireachais	786
Oifigeach Seirbhise	45
Maoirseoirí Seirbhise Pobail	48
IONLÁN	2301

4.3 - Táblaí Airgeadais

Toradh Ghrúpa an Vóta Dlí agus Cirt 2017 agus Buiséad Ghrúpa an Vóta Dlí agus Cirt 2018

Ollchaiteachas Reatha

Vóta	Toradh 2017 €,000	Buiséad 2018 €,000
An Garda Síochána	1,579,557	1,588,769
Na Príosúin	304,133	316,841
An tSeirbhís Chúirteanna	78,679	82,558
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	26,567	28,743
Dlí agus Ceart agus Comhionannas	419,957	434,823
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	4,745	6,603
An tÚdarás Póilíneachta	2,007	3,347
An Oifig Luachála	9,688	11,587
Iomlán	2,425,333	2,473,271

Ollchaiteachas Caipitiúil

Vóta	Toradh 2017 €,000	Buiséad 2018 €,000
An Garda Síochána	79,639	61,440
Na Príosúin	19,926	24,330
An tSeirbhís Chúirteanna	54,436	49,017
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	545	560
Dlí agus Ceart agus Comhionannas	2,831	9,420
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	569	100
An tÚdarás Póilíneachta	-	-
An Oifig Luachála	-	-
Iomlán	157,946	144,867

Leithreasáí-i-gCabhair

Vóta	Toradh 2017 €,000	Buiséad 2018 €,000
An Garda Síochána	123,251	107,687
Na Príosúin	13,056	12,976
An tSeirbhís Chúirteanna	48,061	47,969
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	688	569
Dlí agus Ceart agus Comhionannas	66,118	74,464
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	83	115
An tÚdarás Póilíneachta	51	61
An Oifig Luachála	1,307	1,147
Iomlán	253,615	244,988

Glanchaiteachas (Reatha agus Caipitiúil)

Vóta	Toradh 2017 €,000	Buiséad 2018 €,000
An Garda Síochána	1,535,945	1,542,522
Na Príosúin	311,003	328,195
An tSeirbhís Chúirteanna	85,054	83,606
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	26,424	28,734
Dlí agus Ceart agus Comhionannas	356,670	369,779
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	5,231	6,588
An tÚdarás Póilíneachta	1,956	3,286
An Oifig Luachála	8,381	10,440
Iomlán	2,330,664	2,373,150

4.4 Íocaíochtaí Prasa

Tá an fhaisnéis seo leagtha amach ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

4.5 Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2017

I gcomhréir leis an oibleagáid reachtúil atá uirthi, tá an Roinn ar an mbealach ceart faoi láthair i dtreo úsáid fuinnimh a laghdú faoi 33% faoin mbliain 2020 (i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2009, arb í an bhliain bhonnlíne í). Cuirtear tuairisceáin faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar bhonn bliantúil. Tá an scórchárta feidhmíochta atá bunaithe ar na tuairisceáin sin leagtha amach thíos.

Tríd is tríd, tá Gníomhaireachtaí na Roinne freagrach as a n-úsáid fuinnimh féin a thuairisciú don Údarás. Mar sin, níl úsáid fuinnimh na nGníomhaireachtaí sin ar áireamh sna figiúirí seo.


Maidir leis na hoifigí atá ar áireamh sa tuarascáil seo, d'úsáid siad na leibhéal fuinnimh seo a leanas thar na trí bliana seo a chuaigh thart:

Bliain	Leictreachas (kWh)	Gás (kWh)	Ola (lítear)	Díosal (lítear)	Millíní adhmaid (tona)
2017	3,284,113	2,168,756	36,765	785	37.91
2016	3,224,869	1,940,628	39,415	924	
2015	3,658,573	2,059,010	29,141	1,395	

Tionscnaimh a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana 2017

Lean an Roinn de bheith ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí tríd an bhfeachtas um Chumhacht a Bharrfheabhsú ag an Obair, agus é mar aidhm aici síniú ar fheasacht foirne, ar athrú iompraíochta a bhaint amach agus ar thionscadail mhionoibreaca chun coigiltí a chruthú ó thaobh úsáid fuinnimh de.

Dul chun cinn in aghaidh na bonnlíne (an bhliain 2009 go deireadh na bliana 2017)



Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh (TFF) – 2017

TFF 2017= 206 kWh/Achar Urláir (m²)

TFF Sprice =204 kWh/Achar Urláir (m²)



4.6 - Rialachas na Roinne ag an 31 Nollaig 2017

Baill den Bhord Bainistíochta:

Oonagh McPhillips, Ard-Rúnaí Gníomhach
Michael Donnellan, Ard-Stiúrthóir, Seirbhís Phríosúin na hÉireann
Michael Flahive, Rúnaí Cúnta, an Dlí Coiriúil agus Beartas Pionóis
Jimmy Martin, Rúnaí Cúnta, Beartas Idirnáisiúnta
Peter Mullan, Rúnaí Cúnta, Coireacht agus Slándáil
Conan McKenna, Rúnaí Cúnta, Athchóiriú an Dlí Shíbhialta agus Beartas Cúirteanna
John O'Callaghan, Rúnaí Cúnta, an Rannán Póilíneachta
Carol Baxter, Rúnaí Cúnta, Ceann Seirbhísí Tearmainn, Imeasctha agus Comhionannais
Michael Kirrane, Ard-Stiúrthóir, Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann
Vivian Geiran, Stiúrthóir, an tSeirbhís Phromhaidh
Marion Walsh, Stiúrthóir, Coireacht agus Slándáil
Yvonne Furey, Príomhoifigeach, an tAonad Athchóirithe agus Forbartha
Richard Fallon, Cathaoirleach, Fóram na bPríomhoifigeach
Patrick Forsyth, Ceann Cumarsáide agus na Rúnaíochta Corparáidí
Martina Colville, Ceann Acmhainní Daonna Straitéiseacha
Rúnaí don Bhord: Bernadette Phelan, Príomhoifigeach Cúnta, an Rúnaíocht Chorparáideach

Baill den Choiste Iniúchóireachta

Tagann Vóta 24 (Dlí agus Ceart) agus Vóta 21 (Seirbhís Phríosúin na hÉireann) faoi shainchúram an Choiste Iniúchóireachta. Tá an Coiste ina chuid lárnoch de chreat rialachais na Roinne. Tá sé de chúram air comhairle neamhspleách a chur ar an Oifigeach Cuntasáiochta maidir lena oiriúnaí agus lena láidre atá na córais agus na nósanna imeachta um rialú inmhéanach laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is é ról comhairleach, agus ní ról maoirseachta, an ról a chomhlíonn an Coiste.

Con Haugh (Cathaoirleach Seachtrach)
Carol Bolger (Ball Seachtrach)
Robert Cashell (Ball Seachtrach)
Brian Duffy (Ball Seachtrach)
James Martin (Ball ón Roinn)

Baill den Choiste Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca ionadaíoch do na réimsí feidhme éagsúla atá ann sa Roinn. Is é an ról atá aige maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas bainistíochta riosca, go háirithe chun a chinntíú go mbíonn an próiseas sin á fheidhmiú de réir mar atá beartaithe, athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar na gclár rioscaí agus tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta ar an bpróiseas.

John O'Callaghan, Rúnaí Cúnta, an Rannán Póilíneachta (Cathaoirleach)
Eugene Banks, Príomhoifigeach, Comhionannas agus Imeascadh
Alec Dolan, Príomhoifigeach Faisnéise
Michael Donnellan, Ard-Stiúrthóir, Seirbhís Phríosúin na hÉireann


Yvonne Furey, Príomhoifigeach, an tAonad Athchóirithe agus Forbartha
Eileen Leahy, Príomhoifigeach, Seirbhísí Corparáideacha
Walter Johnston, Príomhoifigeach, Iniúchóireacht Inmheánach
John Kelly, Príomhoifigeach Cúnta, an tAonad Athchóirithe agus Forbartha
John Laffan, Príomhoifigeach, an tAonad Rialachais Shíbhialta
Deaglán Ó Briain, Príomhoifigeach, an Rannán Comhionannais
Madeleine Reid, Príomhoifigeach, Athchóiriú an Dlí Shíbhialta
Kenneth Kavanagh, Príomhoifigeach, Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann
George Trimble, Príomhoifigeach, an Rannán Póilíneachta
Dermot Woods, Príomhoifigeach, Coireacht agus Slándáil
Rúnaí don Choiste: Conor Brennan, an tAonad Athchóirithe agus Forbartha

Baill den Ghrúpa Rialachais TFC

Tá an Grúpa Rialachais TFC freagrach as bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Treoirphlean um Chumarsáid, Faisnéis, Bainistíocht Taifead agus Sonraí atá i bhfeidhm ag an Roinn, rud atá ar cheann de na gnéithe is tábhactaí de chlár athchóirithe na Roinne. Tá sé freagrach freisin as caiteachas ar thionscadail TFC a cheadú agus as faireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas sin. Chomh maith leis sin, déanann an Grúpa maoirseacht ar fhorbairt a bhfuil mar aidhm leo comhdhlúthú agus cuimsiú TFC a mhéadú laistigh den Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tacú le Straitéis TFC na hEarnála Poiblí agus cumarsáid agus slándáil a fheabhsú.

Oonagh McPhillips, Rúnaí Cúnta, Gnóthaí Corparáideacha (Cathaoirleach)
Alec Dolan, an Straitéis Soláthair (Leaschathaoirleach)
John Kennedy, Ceann an Rannáin TFC (de bhrí oifige)
Seamus Clifford, Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais
George Trimble, an Rannán Póilíneachta
George Jackson, Seirbhís Phriosúin na hÉireann
Greg McDermott, iar-Cheann Gnóthaí Corparáideacha, an tÚdarás Clárúcháin Maoine
Niamh Corby, na Coimisinéirí loncaim
John Farrelly, Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás Rialála Carthanais
Neil Ward, Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann
Rúnaí don Ghrúpa: David Spratt, an Rannán TFC

AGUISÍN 1: CAIRT EAGRÚCHÁIN AMHAIL AN 31/12/2017



AGUISÍN 2: COMHLACHTAÍ FAOI CHOIMIRCE NA ROIINNE

	Comhlacht	Feidhm	Modh/Tráth Bunaithe	An Rannán lena mBaineann
COMHLACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN (REACHTÚIL): Is comhlachtaí iad seo ag a bhfuil feidhm imscrúdúcháin a bunaíodh le dlí.				
1	Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	Gearán a fháil ó dhaoine den phobal maidir le hiompar ball den Gharda Síochána, cumhacht a fheidhmiú i leith na ngearán sin, treoiríntle a eisiúint, na torthaí ar imscrúdúithe a thuairisciú do Choimisinéir an Gharda Síochána agus don Stiúrthóir lonchúiseamh Poiblí, de réir mar is cuí, agus protácail a tharraingt suas.	Acht an Gharda Síochána, 2005	An Rannán Póilíneachta
2	Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonrai	Caighdeán, cigireachtaí, imscrúdú agus forfheidhmiú i dtaca le cosaint sonraí pearsanta.	An tAcht um Chosaint Sonrai, 1988	An tAonad Rialachais Shíbhialta
3	An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta (ón 31/12/2016)	Imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine atá ar lorg cosaint idirnáisiúnta (stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach) agus cead chun fanacht.	An tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015	Beartas Cosanta Idirnáisiúnta/ Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann
COMHLACHTAÍ RIALÁLA (REACHTÚIL): Is comhlachtaí iad seo ag a bhfuil feidhm rialála a bunaíodh le dlí.				
4	An Bord um Chinsireacht Foilseachán	Cumhacht chun foilsíú leabhar nó tréimhseachán a mheasann an Bord a bheith gáirsíúil a thoirmseasc.	An tAcht um Chinsireacht Fhoilseachán, 1929	An tAonad Rialachais Shíbhialta
5	Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann	Scannáin, físeáin agus DVDanna a scrídú agus a dheimhniú.	An tAcht um Scrudóireacht Scannán, 1923, arna leasú	An tAonad Rialachais Shíbhialta
6	An tÚdarás Slándála Priobháidí	An tionscal slándála priobháidí in Éirinn a rialáil agus a cheadúnú.	An tAcht um Sheirbhísí Slándála Priobháidí, 2004 (arna leasú)	An Rannán Coireachta
7	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine	Córas ceadúnúcháin a oibriú, caighdeán a fhorfheidhmiú, gearán a imscrúdú agus breith a thabhairt ina leith, agus ciste cúitimh a bhainistíú.	An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011	An tAonad Rialachais Shíbhialta
8	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí	An soláthar seirbhísí dlí ag cleachtóirí dlí a rialáil agus caighdeán a chothabháil agus a fheabhsú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí den sórt sin sa Stát.	An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015	
COMHLACHTAÍ ACHOMHAIRC (REACHTÚIL): Is comhlachtaí iad seo ag a bhfuil feidhm achomhairc a bunaíodh le dlí.				
9	An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán	Breithniú a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne Orduithe Toirmise arna n-eisiúint ag an mBord um Chinsireacht Foilseachán.	An tAcht um Chinsireacht Fhoilseachán, 1946	An tAonad Rialachais Shíbhialta
10	An Bord Achomhairc um Aicmiú Scannán	Déileáil le hachomhairc a bhaineann le cinntí aicmithe arna ndéanamh ag Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann.	An tAcht um Scrudóireacht Scannán, 1923, arna leasú	An tAonad Rialachais Shíbhialta
11	An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach	Comhordú a dhéanamh ar achomhairc ó bhaill den tionscal slándála i gcoinne cinntí ceadúnúcháin arna ndéanamh ag an Údarás um Shlándáil Phríobháideach.	An tAcht um Sheirbhísí Slándála Priobháidí, 2004	An Rannán Coireachta

12	An Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine	Achomhairc i gcoinne ci ntí áirithe arna ndéanamh ag an Údarás um Sheirbhísí Maoine a éisteacht agus a chinneadh.	An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011	An tAonad Rialachais Shbihalta
13	An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta (ón 31/12/2016)	Breithniú a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne ci ntí céadchéime cosanta idirnáisiúnta arna ndéanamh ag an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta.	An tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015	Beartas Cosanta Idirnáisiúnta / Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann
GNÍOMHAIREACHTÁÍ NEAMHREACHTÚLA: Is comhlachtaí iad seo ar bhunaigh an tAire ar bhonn riarcháin iad.				
14	An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla	Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chúiteamh ó dhaoine a ndearnadh díobháil dóibh nó a fuair bás de bharr coireacht phoréigeanach nó thar ceann na ndaoine sin.	Bunaíodh an comhlacht seo sa bhliain 1974	An Rannán Seirbhís Corparáideacha
15	Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann	Cúnamh a thabhairt i ndáil le himscrídú a dhéanamh ar choireacht trí anailís agus sainchomhairle eolaíoch a chur ar fáil.	Bunaíodh an comhlacht seo sa bhliain 1975	An Rannán Póilíneachta
16	Seirbhís Phríosúin na hÉireann	Coimeád slán sábháilte a chur ar fáil do dhaoine a chuireann na cúirteanna chun príosún agus bainistíú a dhéanamh ar phianbhreitheanna coimeádta.	Achtanna na bPríosún, 1826-2007	Beartas Príosún agus Promhaidh
17	Oifig an Phaiteolaí Stáit	Comhairle neamhspleách a thabhairt faoi nithe a bhaineann le paiteolaíocht fhóiréinseach agus scrúduithe iarbháis a dhéanamh i gcásanna ina meastar go bhfuil feall i gceist.		Beartas Príosún agus Promhaidh
18	An Bord Parúil	Moltaí a dhéanamh maidir le bainistíocht pianbhreitheanna príosúnach.	Bunaíodh an comhlacht seo ar bhonn riarcháin i mí Aibreáin 2001	Beartas Príosún agus Promhaidh
19	An tSeirbhís Phromhaidh	Maoirseacht promhaidh, seirbhís phobail, filleadh ar an bpobal, cláir um iompar ciontaithe agus sainseirbhísí tacaíochta a chur ar fáil.	Probation of Offenders Act, 1907	Beartas Príosún agus Promhaidh
OIFIGÍ FEIDHMIÚCHÁIN (COMHLACHTAÍ NEAMHREACHTÚLA DE CHUID NA ROIINNE): Is comhlachtaí iad seo a bunaíodh ar bhonn riarcháin laistigh den Roinn				
20	An tAonad Frithgháinneála ar Dhaoine	Comhordú a dhéanamh ar fhreagairt na hÉireann do gháinneáil ar dhaoine.	Bunaíodh an comhlacht seo i mí Feabhra 2008	N/B
21	Cosc	Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc.	Bunaíodh an comhlacht seo sa bhliain 2007	N/B
22	An Lárúdarás um Fhuadach Idirnáisiúnta Leanaí	Tá an comhlacht seo mar chuid de Lónra Lárúdarás Náisiúnta atá ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Háige ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, 1980, i gCoinbhinsiún na Háige maidir le Dlí, an Dlí is Infheidhme, Aitheantas, Forghníomhú agus Comhar i dtaca le Freagracht Tuismitheoirí agus le Bearta chun Leanaí a Chosaint, 1996, agus i Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003. Tugann sé cúnamh maidir le hiarratais a bhaineann le fuadach idirnáisiúnta leanaí, le rochtain agus le socrú leanaí i gcúram trasna dlínsí.	Bunaíodh an comhlacht seo sa bhliain 1991	Athchóiriú an Dlí Sibhialta
23	An Lárúdarás um Aisghabháil Cothabhála ó Áiteanna Thar Lear	Cabhrú le horduithe cothabhála leanaí a chlárú agus a fhorghníomhú ar bhonn idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cothabháil a Aisghabháil thar lear (a síniódh i Nua-Eabhrac an 20 Meitheamh 1956) agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle (an 18 Nollaig 2008) maidir le dlíse, an dlí is	Bunaíodh an comhlacht seo sa bhliain 1995	Athchóiriú an Dlí Sibhialta

		infheidhme, aitheantas agus forghníomhú ciintí agus comhar i dtaca le nithe a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála.		
24	Údarás Faisnéise an Ordaithe Eorpach um Chaomhnú Cuntas (EAPO)	Tá an comhlacht seo mar chuid de líonra údarás faisnéise náisiúnta a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 655/2014 lena mbunaítear nós imeachta d'Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas chun aisghabháil fiach trasteorann in ábhair shibhialta agus thráchtála a éascú. Faoi Airteagal 50(1)(b) den Rialachán, tá an tÚdarás Faisnéise ainmnithe mar údarás atá inniúil chun faisnés faoi chuntas bainc aon fhéichiúnaí a fháil.	Bunaíodh an comhlacht seo i mí Eanáir 2017	Athchóiriú an Dlí Shibhialta
25	Údarás Inniúil an Ordaithe Eorpach um Chaomhnú Cuntas (EAPO)	Tá an comhlacht seo mar chuid de líonra údarás inniúil náisiúnta a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 655/2014 lena mbunaítear nós imeachta d'Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas chun aisghabháil fiach trasteorann in ábhair shibhialta agus thráchtála a éascú. Faoi Airteagal 50(1)(e) den Rialachán, tá an tÚdarás Inniúil ainmnithe mar údarás atá inniúil chun an tOrdú Eorpach um Chaomhnú Cuntas agus doiciméid eile a fháil, a tharchur agus a sheirbheáil.	Bunaíodh an comhlacht seo i mí Eanáir 2017	Athchóiriú an Dlí Shibhialta
26	Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig atá an fhreagracht as athchóiriú a stiúradh agus a bhrú chun cinn i réimse an cheartais i leith an aosa óig. Cistíonn sí an Clár Athstiúrtha don Óige de chuid an Gharda Siochána agus cláir phobail eile dá cuid freisin.	Is ar Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig atá an fhreagracht as athchóiriú a stiúradh agus a bhrú chun cinn i réimse an cheartais i leith an aosa óig. Cistíonn sí an Clár Athstiúrtha don Óige de chuid an Gharda Siochána agus cláir phobail eile dá cuid freisin.	Bunaíodh an comhlacht seo i mí na Nollag 2005	N/B
27	An Oifig um Shábháilteacht Idirlín	Sábháilteacht Idirlín a chur chun cinn, go háirithe i ndáil le pornagrafaíocht leanaí a chomhrac.	Bunaíodh an comhlacht seo i mí an Mhárta 2008	N/B
28	Oifig Íospartaigh na Coireachta	Tacú le seirbhísí inniúla comhbhácha éifeachtacha a sholáthar d'íospartaigh na coireachta.	Bunaíodh an comhlacht seo i mí Mheán Fómhair 2008	N/B
29	An tAonad um Chomhlíonadh Frithsciúradh Airgid	Soláthraithe Seirbhise lontaobhais nó Cuideachta a údarú, Clubanna Ball Príobháideach a chlárú, agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh frithsciúradh airgid i measc Déileálaithe Earraí Ardluacha, Soláthraithe Seirbhise lontaobhais nó Cuideachta agus Clubanna Ball Príobháideach.	An tAcht um Cheartas Coiriúil Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoir-eachta) 2010	N/B
COMHLACHTAÍ REACHTÚLA: Is comhlachtaí iad seo a bunaíodh le dlí.				
30	An Garda Siochána	Póilíneacht agus slándáil náisiúnta sa Stát	Achtanna an Gharda Siochána, 1924-2005	An Rannán Póilíneachta
31	An tSeirbhís Chúirteanna	Na cúirteanna a bhainistiú, tacú leis an mbreithiúnacht agus seirbhísí atá ar ardchaighdeán agus gairmiúil a chur ar fáil do gach duine a úsáideann na cúirteanna.	An tAcht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998	Beartas Cúirteanna
32	An Biúró um Shócmhainní Coiriúla	Díriú ar na sócmhainní, cibé áit a bhfuil siad, a bhaineann le daoine, a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil	An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996	An Rannán um Dhrugáí agus Coireacht Eagraithe
33	Cigireacht an Gharda Siochána	Cigireachtaí nó fiosrúcháin a dhéanamh ar aon ghnéithe ar leith d'oibriú agus riart an Gharda Siochána	Acht an Gharda Siochána, 2005	An Rannán Póilíneachta

34	<u>Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann</u>	Réitigh fiachais dócmhainneachta pearsanta a oibriú; Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus Idirghabhálaithe Ceadaithe a údarú agus maoirseacht a dhéanamh orthu	<u>An tAcht um Dócmhainneachta Pearsanta, 2012</u>	An tAonad Rialachais Shibhialta
35	<u>Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas</u>	Cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn in Éirinn	<u>An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionanna s, 2014</u>	An Rannán Comhionannais
36	An Coiste Comhairlitreach um Théarmaí Dlíthiúla Gaeilge	Sainchomhairle a sholáthar i ndáil le foirmeacha agus fasaigh a ullmhú agus a fhoilsíú d'ionstraimí dlíthiúla agus de dhoiciméid dlíthiúla i nGaeilge	An tAcht Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge, 1945	An Rannán Seirbhísí Corparáideacha
37	<u>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil</u>	Cúnamh dlíthiúil sibhialta agus comhairle dhlíthiúil sibhialta a sholáthar	An tAcht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995	An Rannán Seirbhísí Corparáid-eacha
38	<u>An Bord Athbhreithnithe Meabhair- Shláinte (An Dlí Coiriúil)</u>	Athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar	<u>An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006</u>	Beartas Príosún agus Promhaidh
39	<u>An tÚdarás Náisiúnta Míchumais</u>	Comhairle a sholáthar maidir le beartas agus cleachtas míchumais	<u>An tAcht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999</u>	An Rannán Comhionannais
40	<u>Oifig an Chigire Príosún</u>	Cigireacht a dhéanamh ar phríosúin agus ról comhairleach a chomhlíonadh	<u>Acht na bPríosún 2007</u>	Beartas Príosún agus Promhaidh
41	<u>An tÚdarás Póilíneachta</u>	Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i dtaca le seirbhísí póilíneachta in Éirinn	<u>Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015</u>	An Rannán Póilíneachta
Oifig reachtúil eile				
42	<u>An tSeirbhís Chrónéara</u>	Scrúdú a dhéanamh ar na himthosca taobh thiar de bhás tobann, mínládúrtha, gan mhíniú nó foréigneach	<u>An tAcht Crónéiri, 1962</u>	Beartas Príosún agus Promhaidh

